# COMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012



COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY



Comhlacht Chalafort Átha Cliath, Ionad an Chalafoirt
Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1, Éire
**Teil:** +353 1 887 6000 **R-phost:** info@dublinport.ie **Facs:** +353 1 855 1241

**www.dublinport.ie**



# CLÁR NA NÁBHAR


BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS
04

STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE
07

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
16

FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH
24

CÚRSAÍ COMHSHAOIL
28

## TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

# 44

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

# 46


BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS / 4

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AIRGEADAIS / 6

STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE / 7

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH / 12

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH / 16

FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH / 24

CÚRSAÍ COMHSHAOIL / 28

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ / 32

TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA / 44

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA / 46

CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS / 50

RÁITEAS AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA / 51

CLÁR COMHARDAITHE / 52

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID / 53

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS / 54

STAITISTICÍ FAOIN GCALAFORT / 86


## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID


# 53

## STAITISTICÍ FAOIN GCALAFORT


# 86

# BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS


## LÁIMHDEACHAS





## BRABUS I NDIAIDH CHÁNACHAIS





## CAITEACHAS CAIPITIL




# BRABÚS OIBRIÚCHÁIN




## CISTÍ NA SCAIRSHEALBHÓIRÍ




## DÍBHINNÍ



# PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AIRGEADAIS

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| | | |
| **Ioncaim** | 65,318 | 69,111 |
| | | |
| **Brabús Oibriúcháin** | 29,107 | 27,830 |
| **Corrlach Oibriúcháin (%)** | 44.6% | 40.3% |
| | | |
| **EBITDA** | 39,618 | 40,688 |
| **EBIT** | 29,201 | 36,706 |
| | | |
| **Glanmhuirir Úis** | 146 | 938 |
| **Clúdach Úis** | | |
| - bonn EBITDA (uaireanta) | 271.4 | 43.4 |
| - bonn EBIT (uaireanta) | 200.0 | 39.1 |
| | | |
| **Glanfhiach** | 4,351 | 10,801 |
| Glanfhiach mar chÉatadán den chothromas iomlán (%) | 1.6% | 4.0% |
| Glanfhiach mar chÉatadán de na sócmhainní seasta (%) | 1.6% | 3.9% |
| | | |
| **Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (ROCE) (%)** | 10.1% | 9.6% |
| | | |
| EBIT – tuilleamh roimh chostais airgeadas agus roimh chain | | |
| EBITDA – tuilliamh roimh chostais airgeadais, cháin, dhímheas, amúchadh, lagú ar infheistíocht JV agus roimh mhíreanna eisceachtúla | | |
| | | |
| An cóimheas idir an EBITDA nó EBIT do ghlanmhuirir úis clúdach úis | | |
| ROCE – an cóimheas idir an brabús oibriúcháin agus an meánchaipiteal a úsáidtear | | |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **EBIT** | **29,201** | **36,706** |
| Dímheas | 8,557 | 8,876 |
| Amúchadh | -501 | -568 |
| Lagú JV | - | 4,550 |
| Míreanna Eisceachtúla | 2,361 | -8,876 |
| **EBITDA** | **39,618** | **40,688** |

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

## BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

**LUCY McCAFFREY**
CATHAOIRLEACH

**EAMONN O'REILLY**
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

**HELEN COLLINS**

**EMER FINNAN**

**JAMIE FRATER**

**JOHN MOORE**

**PAT MAGNER**

## EOLAS EILE

**Rúnaí agus Oifig Chláraithe**
Michael Sheary
Ionad an Chalafoirt
Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1
**Uimhir Chláraithe** 262367

**Iniúchóirí**
PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
A hAon Duga Spencer
Cé an Bhalla Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

**Príomhbhaincéirí**
Banc na hÉireann
2 Plás Burlington
Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4

**Dlíodóirí**
Arthur Cox
Ionad Earlsfort
Ardán Earlsfort
Baile Átha Cliath 2

**Achtúirí**
Mercer
Teach Charlotte
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE - AR LEAN



## LUCY McCAFFREY / CATHAOIRLEACH

Tá tríocha bliain caite ag Lucy McCaffrey i mbun oibre le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha in Éirinn agus le comhlachtaí móra ilnáisiúnta san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Afraic mar chomhairleach gnó in earnálacha éagsúla: seirbhísí airgeadais, déantúsaíocht agus seirbhísí. In 1992 bhunaigh sí Latitude, eagras comhairleachta a dhíríonn ar an athrú eagraíochtúil straitéiseach. Roimhe sin chaith sí roinnt blianta ag obair le comhairleacht nuálaíochta i mBostún, Synectics Inc. Is í príomhaí an chomhlachta faoi láthair í.

Cheap an tAire Iompair Lucy mar Chathaoirleach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí na Nollag 2009. Tá sí mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa Grow Dublin agus is Stiúrthóir í ar Údarás Forbartha Dhugaí Bhaile Átha Cliath, ar an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, ar Eastlink Limited agus ar Renore Limited. Ba Stiúrthóir í ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath idir 1997 agus 2002 agus chaith sí téarma cúig bliana ar bhord Ionad Project Arts (1988-1993).

Is céimí de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath í Lucy agus is comhlach í in Institiúid na gComhairleach agus na gComhairleoirí Bainistíochta.



## EAMONN O'REILLY / PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Ceapadh Éamonn O'Reilly mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Lúnasa 2010. Roimhe sin, bhí sé mar Phríomhfheidhmeannach ar Portroe Stevedores, gnólacht láimhsithe lastais atá lonnaithe i gCalafort Átha Cliath. Bhí sé sa phost sin ó 2005 ar aghaidh agus bhí ról eile aige le linn na tréimhse sin freisin mar bhainisteoir forbartha grúpa ag máthairchomhlacht Portroe, Doyle Shipping Group.

Sular thosaigh Éamonn ag obair le Doyle Shipping Group, bhí sé mar Bhainisteoir Tionscadal in Securicor Ireland agus d'obair sé mar chomhairleoir bainistíochta le KPMG. Chaith sé seal mar Phríomhfheidhmeannach ar Marine Terminals Limited idir 1992 agus 1996.

Is innealtóir cairte é Éamonn a bhain bunchéim amach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath mar aon le MBA i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is ball d'Innealtóirí Éireann é.

Is Stiúrthóir é Éamonn de chuid an Chomhlachta Chomhfhiontair, Renore Limited, ar leis grúpa Comhlachtaí Chalafort an Ghrianfoirt.



### HELEN COLLINS / STIÚRTHÓIR

Tháinig Helen ar an mBord i mí Lúnasa 2012 i ndiaidh don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt í a cheapadh. Is dlíodóir í Helen agus ba pháirtí dlíthíochta tráchtála í in McCann FitzGerald suas go dtí 2010. Chaith sí 10 mbliana mar Cheann Rannóige ar an dlíthíocht tráchtála agus bhí lámh aici i gcásanna suntasacha, casta ardcháile a dhírigh go mór mhór ar easaontais a láimhseáil agus ar thrialacha a bhain le dlí cuideachtaí, baincéireachta, árachais, rialála, le dlí an AE, le dlí Bunreachtúil agus le dlí riaracháin. Bhí an bhainistíocht agus an mheantóireacht iontach lárnach ina cuid oibre ag Helen a fhad agus a bhí sí ag obair le McCann FitzGerald.

I mí na Samhna 2010, cheap an tAire Gnóthaí Leanaí agus Óige Helen mar Leas-Chathaoirleach ar Údarás Uchtála na hÉireann. Is foras reachtúil é an tÚdarás atá freagrach as gach gné den uchtú sa bhaile agus den uchtú idirthíre mar aon le creidiúnú, rialáil agus maoirseacht ar gach gníomhaireacht a bhíonn ag plé leis an uchtú sa tír seo.

Ó bhí mí na Bealtaine 2010 ann, tá Helen ina Cathaoirleach ar Chiste Éireann na mBan, eagras a spreagann daonchairdeas na mban ar mhaithe le ceisteanna a bhaineann go sonrach le mná.

Is idirghabhálaí creidiúnaithe ag CEDR í Helen agus tá sí ina ball de Chomhairle Chumann Idirghabhálaithe Tráchtála na hÉireann.



### EMER FINNAN / STIÚRTHÓIR

Cheap an tAire Iompair Emer Finnan ar Bhord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Feabhra 2011. Is gairmí airgeadais í Emer a bhfuil taithí 20 bliain agus tuilleadh aici sa réimse sin agus tá sí ina Stiúrthóir ar NCB Corporate Finance Limited ó bhí mí Mheán Fómhair 2012 ann, í freagrach as institiúidí airgeadais. D'obair Emer mar chomhairleach neamhspleách ó Eanáir go Meán Fómhair 2012. Bhí sí mar Stiúrthóir Airgeadais leis an gCumann Oideach Foirgníochta (EBS) ó mhí Feabhra 2010 go mí na Nollag 2011 agus d'obair sí i rólanna straitéiseacha in EBS idir 2005 agus 2010. Ba í Rúnaí na Cuideachta í cuid mhaith den am sin. Sula ndeachaigh sí ag obair le EBS, bhí Emer ina Stiúrthóir ar NCB Corporate Finance Limited agus thug sí comhairle maidir le líon mór idirbheart i margadh na hÉireann. Roimhe sin, bhí Emer ag obair le ABN AMRO Bank N.V. agus le Citibank i réimse an airgeadais chorparáidigh i Londain. Chuaigh Emer faoi oiliúint mar Chuntasóir Cairte le KPMG.

Is céimí de chuid Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath í Emer agus is Comhlach í in Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Bhí Emer ar Bord Údarás RTÉ ó 2005 go 2010 agus is Stiúrthóir í ar Children's Fund for Health Limited, an eagraíocht charthanachta atá nasctha le hOspidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill.

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE - AR LEAN



### **JAMIE FRATER** / STIÚRTHÓIR

Tá taithí chóir a bheith dhá scór bliain ag Jamie in earnáil na gcríochfort poirt. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Chríochfoirt Choimeádán Idirnáisiúnta Alexandria san Éigipt. Bhí poist shinsearacha aige freisin i gcalafoirt Southampton, Hong Cong agus Óman. Faoi láthair, tá Jamie ina Phríomhfheidhmeannach ar Eastport UK in Great Yarmouth agus cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, é ar Bhord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil 2012.



### **JOHN MOORE** / STIÚRTHÓIR

Chuaigh John Moore ar Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath i 1977 agus d'obair sé i róil shinsearacha éagsúla san eagras, ina measc Ceann Soláthair agus Ceann Iniúchta Inmheánaigh. Is sa Rannóg Cothabhála agus Seirbhísí atá sé faoi láthair. Tháinig sé ar an mBord in 2007 agus athcheapadh é in 2012.

Is é John an duine lárnach maidir le calafoirt in Éirinn atá páirteach i gClár Oiliúna Calafort na Náisiún Aontaithe, clár a dhíríonn ar chumas oiliúna a láidriú agus acmhainní daonna a fhorbairt i bpobail chalafoirt i dtíortha i mbéal forbartha.

Tá an clár Stiúrthóirí Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí Cairte déanta ag John. Tá B.A. aige sa Bhainistíocht agus Máistreacht aige i Staidéar Beartas Eacnamaíochta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Ball Céimnithe é d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann agus is ball é d'Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha.

Tá John ina bhall de SIPTU agus tá sé ar choiste feidhmiúcháin Ghrúpa Náisiúnta na Stiúrthóirí Oibrí in Éirinn.



### **PAT MAGNER** / STIÚRTHÓIR

Tháinig Pat Magner go dtí Bord an Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil 2007 i ndiaidh d'Aire Iompair, Noel Dempsey, TD é a cheapadh. Is Iar- Sheanadóir é Pat, arna ainmniú ag An Taoiseach Garrett FitzGerald TD chuig an 15ú agus an 17ú sheisiúin de Sheanad Éireann. Ina theannta sin, d'ainmnigh an Taoiseach Albert Reynolds TD chuig an 20ú sheisiúin den Seanad idir 1993 agus 1997. Is iarchomhalta é den Choiste Náisiúnta Feidhmiúcháin de Pháirtí an Lucht Oibre, agus d'oibrigh Pat mar Eagarthóir Náisiúnta don pháirtí ar feadh cúpla bliain agus faoi láthair is Comhairleoir um Ghnóthaí Poiblí é.

Ba Chomhalta Comhairle é d'Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath chomh maith.




## MICHAEL SHEARY / RÚNAÍ AN CHOMHLACHTA & PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

Tháinig Michael Sheary go dtí an chuideachta i 1982 agus bhí roinnt ról sinsearach aige lena n-áirítear Rialtóir Cúnta Airgeadais go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí na Cuideachta agus Príomhoifigeach Airgeadais i 2001. Ó shin amach, bhí Michael freagrach as feidhmeanna riaracháin, dlíthiúil agus airgeadais na cuideachta agus ina theannta sin tá sé freagrach as na hoibriúcháin maidir le Bainistíocht Eastát agus Áiseanna.

Cháiligh Michael mar Chuntasóir Deimhnithe Cairte i 1988 agus ceadaíodh dó a bheith ina Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte i 1996. Tá Michael ina Stiúrthóir ar East Link Limited, Rúnaí Cuideachta do Renore Limited agus tá sé ina Iontaobhaí de scéim phinsin le sochair sainithe den Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.





# 01

**IS É CALAFORT ÁTHA CLIATH AN PHRÍOMHTHAIRSEACH ISTEACH IN ÉIRINN AGUS AMACH AS AN TÍR I DTACA LE HIOMPÓRTÁLACHA AGUS EASPÓRTÁLACHA DE. IS TÁBHACHTACH MAR SIN GO MBÍONN SÉ AG FEIDHMIÚ GO HÉIFEACHTÚIL. Á AN MÉID SIN FÍOR INNIU THAR AON TRÉIMHSE EILE RIAMH AGUS MUID GO LÉIR AR ÁR NDÍCHEALL AG IARRAIDH A CHINNTIÚ GO MBEIDH TEACHT ANIAR EACNAMAÍOCH ANN IN ÉIRINN.**

# 01 / RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

## RÉAMHRÁ

Leis an Acht Cuanta 1996 éilítear ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath:

- Gach beart a dhéanamh mar is ceart i dtaca le bainistiú, rialú, oibriú agus forbairt an chuain aige agus na mbealaí isteach sa chuan; agus
- Na háiseanna, na seirbhísí, an chóiríocht agus na tailte is cuí, dar leis, a chur ar fáil sa chuan aige faoi choinne longa, earraí agus paisinéirí.

Is é Calafort Átha Cliath an phríomhthairseach isteach in Éirinn agus amach as an tír i dtaca le hiompórtálacha agus easpórtálacha de. Is tábhachtach mar sin go mbíonn sé ag feidhmiú go héifeachtúil. Tá an méid sin fíor inniu thar aon tréimhse eile riamh agus muid go léir ar ár ndícheall ag iarraidh a chinntiú go mbeidh teacht aniar eacnamaíoch ann in Éirinn.

Tá saol fada ag baint le sócmhainní an chalafoirt agus glacann sé tamall maith mórthograí a chur i bhfeidhm in amanna. Mar gheall air sin, agus lena chinntiú go bhfreastalaíonn Calafort Átha Cliath ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara go léir ar bhonn leantach, bíonn orainn pleanáil don todhchaí. Tá mé sásta a rá go rabhamar in ann grádlathas daingean pleanála a choinneáil i bhfeidhim in 2012, rud a chinnteoidh, dar liom, go mbeidh Calafort Átha Cliath in ann freastal go leantach ar riachtanais ár gcustaiméirí agus luach ar airgead a thabhairt dár scairshealbhóirí agus dár bpáirtithe leasmhara go léir.

## MÁISTIRPHLEAN 2012-2040

I ndiaidh próiseas leathan comhairliúcháin le cuid mhaith páirtithe leasmhara a mhair bliain, sheol an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ár Máistirphlean 2012-2040 ar 29 Feabhra 2012.

Ullmhaíodh an Máistirphlean chun:

- Pleanáil faoi choinne fás inmharthana sa todhchaí;
- Comhthéacs foriomlán a sholáthar faoi choinne cinntí infheistíochta amach anseo;
- Cur agus teacht le beartais reatha náisiúnta agus réigiúnacha agus le treoirlínte agus le tionscnaimh áitiúla;



- A chinntiú go mbíonn aontacht agus sineirge idir na pleananna don Chalafort agus iad siúd do Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, do Chathair Bhaile Átha Cliath agus do chontaetha eile laistigh di Réigiún Bhaile Átha Cliath; agus
- Eolas daingean a thabhairt do chustaiméirí faoin dóigh a bhforbróidh an Calafort amach anseo le freastal ar a gcuid riachtanas.

Fís atá sa Mháistirphlean maidir leis na hoibríochtaí a bheidh sa Chalafort sa todhchaí agus déantar scrúdú criticiúil ann ar an dóigh ar féidir úsáid reatha na talún i gCalafort Átha Cliath a bharrfheabhsú. Maidir leis an gceist sin, tá bunghealltanas sa Mháistirphlean go bhforbróidh Comhlacht Chalafort Átha Cliath an Calafort raistigh de na teorainneacha atá ann faoi láthair a oiread agus is féidir sula smaoineofar ar dhul i mbun oibríochtaí míntíriúcháin.

Chomh maith leis an mbonneagar, aithnítear sa Mháistirphlean na naisc láidre stairiúla idir an Calafort agus an Chathair agus féachtar lena chinntiú go gcuirfidh cibé forbairtí a dhéanfaimid ar bhonneagar an chalafoirt le hath-chomhtháthú an Chalafoirt leis an gCathair ar dhóigh a bheidh chun sochair don phobal.

## PLEAN STRAITÉISEACH 2012-2016

Tá Plean Straitéiseach an Chomhlachta 2012-2016 mar bhunchloch an Mháistirphlean. Tá an Plean Straitéiseach ag teacht, go loighiciúil, le fís fhadtéarmach an Mháistirphlean agus lenár mBuiséad bliantúil.

Tá Clár Caiteachais Chaipitiúil ar fiú €110m é mar chuid den Phlean Straitéiseach; díríonn an clár seo ar thograí a chur ar bun a chuirfidh i ngníomh na chéad chéimeanna san fhís atá leagtha amach sa Mháistirphlean. Cuirfear na tograí seo i bhfeidhm ar dhóigh a chinnteoidh go mbeidh struchtúr oiriúnach caipitiúil i gcónaí ag an gComhlacht a choinneoidh leibhéal na neamhchosanta ar riosca airgeadais ag leibhéal inghlactha a bheidh de réir infheistíocht leantach riachtanach sa bhonneagar.

## TURASÓIREACHT CHÚRSÁLA

Aithnítear i Máistirphlean 2012-2040 gur réimse é an gnó cúrsála atá i ndiaidh fás go suntasach i gCalafort Átha Cliath le blianta beaga anuas agus aithnítear go mbeidh áiseanna nua cúrsála de dhíth sa todhchaí.

Tá sé aontaithe ag an mBord infheistíocht bhonneagair a dhéanamh faoi choinne ath-obair innealtóireachta ar Bháisín Alexandra Thiar le háiseanna agus inniúlacht riachtanach a sholáthar chun cuspóirí fadtéarmacha an chalafoirt, atá sonraithe sa Mháistirphlean, a ghnóthú. Tríd an togra seo beidh áiseanna nua cúrsála mar chuid de Shíneadh na Cé Thuaidh mar aon le hinniúlacht fheabhsaithe láimhseála lastais i mórcheantar Bháisín Alexandra.

Agus an méid sin san áireamh, tá sé de rún againn tús a chur leis an bpróiseas le hoibríochtaí bonneagair mhuirí a phleanáil agus le cead riachtanach pleanála agus urthrá a fháil in 2013. Fiosróimid freisin deiseanna maidir le maoiniú do thograí fadtéarmacha, lena n-áirítear maoiniú ón Aontas Eorpach agus tacaíocht ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa, d'fhonn tús a chur le hoibríochtaí bonneagair go mall in 2014. As siocair go mbíonn na tairbhí móra le baint ag an ngeilleagar áitiúil as an turasóireacht chúrsála, cuartóimid freisin maoiniú seachtrach dá réir.

Is fíordheis í athlonnú na long cúrsála níos cóngaraí do lár na Cathrach le nasc láidir sofheicthe a chruthú idir an Calafort agus an Chathair, rud atá mar ghné thábhachtach i bhfís an Chomhlachta leis an Chalafort a hath-chomhtháthú leis an gCathair.

## FOCAL SCOIR

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as a gcuid oibre le bliain anuas, bliain a raibh athruithe go leor ann.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige Jerry Kiersey agus Brian Kerr i mí an Mheithimh 2012 agus tháinig deireadh le téarma oifige Charlie Rochfort i mí Mheán Fómhair. Is

mian liom buíochas a ghabháil leis an triúr acu as an obair dhúthrachtach, ghníomhach a rinne siad lena linn ar an mBord.

Tá mé cinnte nach gcuirfidh sé as do Jerry ná do Charlie ar chor ar bith má tharraingím aird ar leith ar Bhrian.


Bhí Brian mar Stiúrthóir ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ar feadh 15 bliana ón uair a bunaíodh é i mí an Mhárta 1997. Ba é a bhí mar Chathaoirleach ar Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath tráth a tháinig deireadh leis agus bhí sé ina bhall den Bhord céanna ar feadh tamall maith de bhlianta sula ndearnadh corparáid de. Bhí ardtaithí agus fíorthuiscint ag Brian ar earnáil an loingis agus na gcalafort agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dó as an obair mhór a rinne sé ar an mBord le linn an ama sin go léir.

Déanaim comhghairdeas le Pat Magner agus le John Moore ar a n-athcheapadh ar an mBord agus cuirim fáilte roimh an mbeirt chomhaltaí nua, Helen Collins agus Jamie Frater. Tá taithí leathan dlíthiúil ag Helen agus tá beagnach 40 bliain caite ag Jamie ag obair in earnáil na gcalafort go hidirnáisiúnta. Tá lúcháir orm go bhfuil réimse leathan scileanna ag Bord Chomhlacht Chalafort Átha Cliath a bheidh go mór chun tairbhe dúinn agus muid ag féachaint leis an bhfís dhúshlánach atá leagtha amach sa Mháistirphlean a fhíorú.

Gabhaim buíochas leis an bPríomhfheidhmeannach, Éamonn O'Reilly, leis an bhfoireann bainistíochta agus le foireann uile Chomhlacht Chalafort Átha Cliath as an ard-obair a rinne siad le bliain anuas agus as a ndúthracht agus tacaíocht.

Mar fhocal scoir, tá buíochas speisialta ag dul dár gcustaiméirí, ní hamháin as gnó a dhéanamh linne, ach freisin as a bheith ag comhoibriú linn le todhchaí Chalafort Átha Cliath a phleanáil.

LUCY MCCAFFREY
CATHAOIRLEACH



*26 Márta 2013*






# 02

# CÉ GO RAIBH LAGHDÚ SUNTASACH AR LÁIMHDEACHAS AGUS AR BHRABÚS, BHÍ BHUNBHRABÚSACHT AN GHNÓLACHTA GO FÓILL LÁIDIR IN 2012.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN TRÁDÁIL I GCALAFORT ÁTHA CLIATH


Tá an gnó a dhéanann Calafort Átha Cliath mar léiriú maith ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Is í 2007 an bhliain atá mar thagarmharc againn i gcónaí lenár bhfeidhmíocht a thomhas. De réir an tomhais seo, ní raibh mórán athrú ar chor ar bith ar an méid earraí a iompraíodh trí Chalafort Átha Cliath in 2012; 28.0m tona comhlán a bhí ann don tríú bliain as a chéile.

## '000 TONA





Is mar gheall ar laghdú ar earraí iompórtála atá an meath seo ann. 16.6m an méid a iompórtáladh in 2012, 17.0% níos lú ná cúig bliana roimhe sin. Tá méadú beag tagtha ar earraí easpórtála, áfach, le méadú 3.6% ó bhí 2007 ann.

## 2007 - 30.9 TONA




## 2012 - 28.0 TONA




Tá laghdú tagtha ar mhéideanna go díreach sa réimse a mbeadh súil againn lena leithéid. Bhí laghdú ollmhór (25.2%) ar mhéideanna coimeádán lóló mar thoradh ar laghdú mór ar chaiteachas ag tomhaltóirí; bhí laghdú 15.5% ar bhulcleachtanna mar gheall ar laghdú ar ghníomhaíochtaí iompair go príomha, agus bhí laghdú 27.5% ar mhéideanna bolcsolad a bhain go príomha le tráchtearraí don earnáil foirgníochta.

| '000 TONA | 2007 | 2012 | ATHRÚ | ATHRÚ % |
|---|---|---|---|---|
| Ró-Ró | 17,137 | 17,322 | 185 | 1.1% |
| Ló-Ló | 7,151 | 5,348 | -1,803 | -25.2% |
| Bulcleachtanna | 4,075 | 3,444 | -631 | -15.5% |
| Bulcsolaid | 2,503 | 1,814 | -689 | -27.5% |
| Bulc briste | 70 | 59 | -11 | -15.7% |
| **Iomláin** | **30,936** | **27,987** | **-2,949** | **-9.5%** |

Nuair a dhírítear ar ár bhfeidhmíocht sa ghearrthréimhse ó 2011 go 2012, chítear go bhfuil na méideanna seasta a bheag nó a mhór.


| '000 TONA | 2012 | 2011 | % |
|---|---|---|---|
| Ró-Ró | 17,322 | 17,325 | 0.0% |
| Ló-Ló | 5,348 | 5,431 | -1.5% |
| Bulcleachtanna | 3,444 | 3,620 | -4.9% |
| Bulcsolaid | 1,814 | 1,635 | 10.9% |
| Bulc briste | 59 | 85 | -30.6% |
| **Iomláin** | **27,987** | **28,096** | **-0.4%** |

Léiríonn treochtaí i méideanna aonad go raibh trácht aonadaithe cothrom, go raibh carranna trádála méadaithe ar mhéid maith, 8.1% (cé go raibh an bonn comparáide laghdaithe go mór le hais 2007) agus go raibh méideanna paisinéara i dtaca le custaiméirí farantóireachta thíos go maith.

| '000 TONA | 2012 | 2011 | % |
|---|---|---|---|
| Aonaid Ró-Ró | 718,525 | 724,693 | -0.9% |
| TEUanna Ló-Ló | 527,984 | 525,741 | 0.4% |
| Carranna trádála | 52,779 | 48,813 | 8.1% |
| Paisinéirí | 1,603,432 | 1,667,455 | -3.8% |
| Carranna turasóireachta | 344,446 | 361,029 | -4.6% |

Ar an dea-uair, tháinig fás maith sa ghnó cúrsála in 2012 de réir na treochta méadaithe san earnáil seo le blianta beaga anuas agus bhí 88 cuairt againn ó longa cúrsála. Tá 106 cuairt chúrsála le bheith i mBaile Átha Cliath in 2013.

## '000 TONA




### FEIDHMÍOCHT AIRGEADÚIL IN 2012

Laghdaigh ár Láimhdeachas ar 5.5% in 2012 mar thoradh ar ghnóthachan aonuaire, go príomha, as íocaíocht faoi choinne foirceannadh luath conartha ag mórchustaiméir dár gcuid in 2011. Tháinig méadú 4.6%, áfach, ar ár mBrabús Oibríochtúil mar gheall ar bhearnú infheistíochta móire in 2011 go príomha.

Laghdaigh an brabús roimh cháin ar bhreis agus aon chúigiú. Mórghnóthachan eisceachtúil amháin in 2011 is cúis leis seo den chuid is mó.

Ba é an toradh glan don bhliain ná brabús €22.8m i ndiaidh cánach le hais €27.9m in 2011.

| €'000 | 2012 | 2011 | ATHRÚ |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | 65,318 | 69,111 | -5.5% |
| Brabús oibríochtúil | 29,107 | 27,830 | 4.6% |
| Brabús roimh cháin | 26,385 | 33,929 | -22.2% |
| Brabús i ndiaidh cánach | 22,823 | 27,911 | -18.3% |

# 02 / ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH - AR LEAN

Cé go raibh laghdú suntasach ar láimhdeachas agus ar bhrabús, bhí bhunbhrabúsacht an ghnólachta go fóill láidir in 2012. Bhí líon mór gnóthachan agus caillteanas aonuaire ann in 2011 agus in 2012 araon, lena n-áirítear;

- Íocaíocht foirceanta in 2011;
- Díol sócmhainní in 2012;
- Creidmheas maidir le costas as seirbhísí san am a chuaigh thart i dtaca leis an tobhach pinsin in 2012;
- Cláir iomarcaíochta in 2011 agus 2012 araon;
- Bearnú na hinfheistíochta i gcomhfhiontar Renore in 2011;
- Brabús as ordú ceannaigh éigeantaigh i dtaca le tailte an Chalafoirt in 2011;
- Laghdú ar luach infheistíochta maoine in 2011 agus 2012 araon.

Nuair a ghlactar as an áireamh éifeacht na míreanna seo, is é 2.7% an laghdú ar an mbunbhrabús roimh cháin..

| €'000 | 2012 | 2011 | ATHRÚ | % ATHRÚ |
|---|---|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | €26,385 | €33,929 | €7,544 | -22.2% |
| Bunbhrabús roimh cháin | €27,077 | €27,836 | €759 | -2.7% |

Is soláthróir bonneagair é Calafort Átha Cliath go príomha agus is é an rud is tábhachtaí ná go mbíonn ár n-oibríochtaí bunaithe ar chostais éifeachtacha, go ndéanaimid infheistíocht sa bhonneagar le gur féidir lenár gcustaiméirí agus le húsáideoirí eile an chalafoirt úsáid a bhaint as agus go bhfaighimid méid leordhóthanach, oiriúnach ar ais as caipiteal in úsáid.

Dá réir sin, táim sásta a chur in iúl gur €39.6m an EBITDA (tuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh) a bhí againn in 2012, bliain ina raibh costais iomarcaíochta €2.5m le híoc againn. An figiúr roimh asbhaint míreann eisceachtúla oibriúcháin atá i gceist leis an bhfigiúr EBITDA agus is mar seo a leanas a áirítear é;

| €'000 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Brabús oibríochtúil | €29,107 | €27,830 |
| Dímheas | €8,557 | €8,876 |
| Amúchadh | -€501 | -€568 |
| Míreanna eisceachtúla oibriúcháin | €2,455 | €4,550 |
| **EBITDA** | **€39,618** | **€40,688** |

Mar gheall ar fheidhmíocht láidir an airgid thirim, €4.4m na fiacha glana a bhí fágtha againn agus fuaramar 10.1% ar ais as caipiteal in úsáid in 2012 le hais 9.6% an bhliain roimhe sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Iasachtaí | €35.0m | €40.0m |
| Airgead tirim | €0.6m | €9.2m |
| **Fiacha glana** | **€4.4m** | **€10.8m** |

Is mór an t-ábhar misnigh é an Clár Comhardaithe a bheith chomh láidir sin in ainneoin díbhinn shuntasach (€10.2m) a bheith íoctha againn lenár scairshealbhóir le linn na bliana.

## DÚN DEALGAN AGUS AN GRIANFORT

Chomh maith le Calafort Átha Cliath, is le Comhlacht Chalafort Átha Cliath Calafort Dhún Dealgan agus tá bun 50% againn i gCalafort an Ghrianfoirt.

Ní raibh feidhmíocht Dhún Dealgan ná an Ghrianfoirt in 2012 chomh hiontach sin le hais feidhmíocht Átha Cliath.

Bhí 31 teacht isteach ag longa i nDún Dealgan, iompraíodh 67,000 tona tríd agus gineadh barrachas oibríochtúil €88,000. Cé gur méid isteach é, ní leor é ar chor ar bith

leis na costais mhóra aonuaire atá tabhaithe againn agus a thabhóimid a chlúdach. Áirítear orthu sin dliteanas pinsin €1.6m agus thart ar €0.5m, a mheastar, i gcostais fhéideartha feabhsaithe timpeallachta.

Is le Renore Limited, ina bhfuil bun 50% ag Calafort Átha Cliath, Calafort an Ghrianfoirt. In 2012, bhí 106 teacht isteach ag longa sa Ghrianfort agus iompraíodh 370,000 tona tríd. Bhearnaíomar ár n-infheistíocht in Renore go mór ar fad in 2010 agus in 2011, a oiread sin nach luach nithiúil é a luach anonn ar ár gClár Comhardaithe. Bhí dúshláin shuntasacha le sárú ag Renore ar an gClár Comhardaithe acu le blianta beaga anuas agus tá súil againn go mbeidh réiteach ar an scéal in 2013 agus go mbeidh sé níos soiléire cad é atá i ndán maidir leis an infheistíocht againn.

## IMEACHTAÍ LE LINN NA BLIANA

Bhí ár gcaiteachas bliantúil caipitiúil íseal sna blianta beaga atá imithe tharainn.

| | |
|---|---|
| 2012 | €16.3m |
| 2011 | €4.4m |
| 2010 | €7.8m |
| 2009 | €22.3m |
| 2008 | €26.6m |

In 2012, €16.3m an infheistíocht chaipitiúil a bhí againn, bunaithe ar na nithe a leanas: caiteachas le rialú a aisghabháil ar thrí shuíomh sa Chalafort a bhfuil achar 5.5 heicteár comhiomlán i gceist leo; suiteáil rampa nua le freastal ar bháid nua farantóireachta róró níos mó ag custaiméir dár gcuid, agus tús le togra le príomhphíobán úr uisce dóiteáin a thógáil sa Chalafort.

Chomh maith leo sin, thugamar gealltanas in 2012 i dtaca le tograí caipitiúla a thosófar in 2013, lena n-áirítear an tríú céim, arb í an chéim dheiridh í, i dtogra athfhorbartha Ché Alexandra Thoir agus infheistíocht mhór i saoráid nua stórála agus dáilte ola faoi choinne custaiméara mhóir a fhágfaidh saor talamh ar a dtig linn lastas aonadaithe idirthurais a stóráil.

I ndiaidh sin, thosaíomar freisin ar mhórthogra le Báisín Alexandra Thiar a athfhorbairt agus le beart nua abhann a thógáil faoi choinne longa ilghnéitheacha róró. Is Forbairt Straitéiseach Bhonneagair a bheidh anseo agus iarrfaimid cead pleanála go díreach ón mBord Pleanála in 2013.

In 2012, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le hathbhreithniú ar earnáil na gcalafort in Éirinn agus is dóigh linn go gcríochnófar é in 2013. Bhí tús curtha againn féin le hAthbhreithniú ar Shaincheadúnais, comhairliúchán poiblí san áireamh, agus fanfaimid



# 02 / ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH - AR LEAN

le foilsiú a dtuarascála athbhreithnithe ag an Údarás Iomaíochta sula dtabharfaimid ár nAthbhreithniú féin ar Shaincheadúnais i gcrích.

Mar chuid dár gcoimitmint chun costais oibríochtúla a laghdú, sheolamar clár Roghanna Foirne in 2012 a dhírigh ar líon na ndaoine atá fostaithe sa Chomhlacht a laghdú agus ar thuilleamh a ailíniú le noirm mhargaidh. Ba í an chéad chéim sa chlár seo ná struchtúr nua bainistíochta atá níos cothrománaí a chruthú, é ag teacht níos fearr le scála ár ngnó-sa agus leis an laghdú ar mhéid na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, chuireamar clár i bhfeidhm lenár gcostais inrialaithe nach mbaineann leis an bpárolla, táillí gairmiúla go háirithe, a laghdú: cuireadh i bhfeidhm meascán d'atairiscintí, ath-idirbheartaíocht agus féintuilleamaí méadaithe agus ba cheart go mbeadh laghdú suntasach ar na costais seo le feiceáil in 2013 agus ina dhiaidh sin dá bharr.

Ar deireadh, d'ullmhaíomar Creat Straitéiseach um Luachanna Boga mar threoir faoi choinne sraith infheistíochtaí beaga i dtograí arb í an aidhm atá leo an Calafort a ath-chomhtháthú leis an gCathair agus ligint dúinn oibriú agus fás sna blianta atá romhainn. Tá sé riachtanach do chomhlachtaí calafoirt ar fud an domhain go nglacfadh an pobal le calafoirt agus tá lúcháir orm a rá go bhfuil torthaí dearfacha tosaithe ag teacht as an obair a rinneamar ina leith seo in 2012 (obair a bhí múnlaithe ag Máistirphlean 2012-2040).

## IONCHAS DON BHLIAIN 2013

Níl cúis ar bith ann, dar linn, go dtiocfaidh méadú suntasach ar na méideanna a thiocfaidh tríd an gCalafort in 2013. Tá comharthaí ann, áfach, go dtiocfaidh feabhas leantach ar mhodh na mBulcsolad agus bunaithe air sin, agus ar chobhsú i dtaca le méideanna Bulcleachtanna a bhfuil súil againn leis, táimid ag tnúth le méadú beag ar mhéideanna in 2013.

Tá an treo a ndíreoimid ár n-iarrachtaí air sa chúig bliana atá romhainn leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2012-2016. Leanfar ar aghaidh in 2013 leis an obair ar cuireadh tús leis in 2012 le costais a laghdú agus le hinfheistíochtaí sa bhonneagar a phleanáil. Is é an phríomhthosaíocht a bheidh againn i rith na bliana céim na pleanála a bhaint amach i dtogra Athfhorbartha Bháisín Alexandra. Tá áthas orm a rá go bhfuil aiseolas dearfach faighte againn cheana féin ó phríomhpháirtithe leasmhara mar chuid dár gclár comhairliúcháin réamhphleanála.


Ó bhí deireadh na bliana ann, tá comhaontú páirtnéireachta déanta againn le Cairde Éanlaith Éireann le clár ilbhliantúil taighde agus faireacháin a mhaoiniú i mBá Bhaile Átha Cliath. Tá caighdeáin arda leagtha amach againn dúinn féin sa Mháistirphlean agus dar liom, tá an comhoibriú seo ar an gcéad tionscnamh de bheart tionscnamh trína gcomhlíonfaimid na gealltanais againn.

EAMONN O'REILLY
**Príomhfheidhmeannach**



*26 Márta 2013*


FRYDERYK CHOPIN
2011



03

# AITHNÍMID AN RÓL ATÁ AGAINN SNA POBAIL ÁITIÚLA, POBAIL A BHFUIL NASC LÁIDIR AGAINN LEO AG DUL SIAR SNA GLÚINE. TÁ TRÍ GHNÉ LENÁR GCLÁR FSC LE TACÚ LEIS NA POBAIL ÁITIÚLA SEO: OIDEACHAS, IMEACHTAÍ POBAIL AGUS AN SPÓRT.

# 03 / FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

Tá an Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) mar chroílár ár bPlean Straitéisigh. Is é atá i gceist le FSC, **dar linne, tiomantas an Chalafoirt cur le forbairt inmharthana eacnamaíoch – ag obair le fostaithe, leis an bpobal áitiúil agus leis an sochaí mhór le cáilíocht na beatha a fheabhsú ar bhealaí atá go maith do ghnó an Chalafoirt agus do Chathair Bhaile Átha Cliath, dá shaoránaigh agus dá chuairteoirí.**

Aithnímid go háirithe an ról atá againn sna pobail áitiúla, pobail a bhfuil nasc láidir againn leo ag dul siar sna glúine. Tá trí ghné lenár gclár FSC le tacú leis na pobail áitiúla seo:

- An t-oideachas mar bhealach le leas eacnamaíoch mhuintir na háite a fhorbairt agus ag éirí as sin deiseanna fostaíochta a chruthú sa gheilleagar áitiúil;
- Imeachtaí pobail;
- An spórt sna pobail áitiúla agus i mBá Bhaile Átha Cliath.

Ba bhliain thábhachthach í 2012 don FSC nó bhunaíomar ár nGrúpa Comhairleach (ar a raibh baill ón mBord agus ón bhFeidhmeannas) agus d'fhaomh an Bord téarmaí tagartha don ghrúpa. Chuimsigh an faomhadh seo an sprioc chun 1.0% dár mbrabús roimh cháin a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí FSC.

Léirítear thíos cuid de na gníomhaíochtaí FSC againn le linn 2012 sna trí réimse.

## COLÁISTE NÁISIÚNTA NA HÉIREANN, TIONSCNAMH LUATHFHOGHLAMA

Chuireamar tús le clár ilbhliantúil mar thacaíocht le gníomhaíochtaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann, an Tionscnamh Luathfhoghlama aige san áireamh.

Is clár tacaíochta oideachais é an Tionscnamh Luathfhoghlama atá ar bun i gceithre pharóiste i gceantar an chalafoirt. Tosaíodh ar a chur i bhfeidhm in 2006 i ndiaidh tréimhse taighde agus forbartha. Bíonn an Tionscnamh ag tacú le scoileanna, le teaghlaigh agus le hIonaid Chúram agus Oideachas Leanaí sna Luathbhlianta sa phobal a bheith rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí oideachasúla a bhfuil mar chuspóir acu dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil. Déantar an méid sin trí chlár gníomhaíochtaí, mar aon le hoiliúint san fhorbairt ghairmiúil, áiseanna do pháistí, do thuismitheoirí, do theaghlaigh, do scoileanna agus do chleachtóirí sna hIonaid a sholáthar a chumhdaíonn na luathbhlianta suas go dtí an tríú leibhéal.

## RINGSEND AND DISTRICT RESPONSE TO DRUGS (RDRD)

Táimid ag tabhairt tacaíochta do Ringsend & District Response to Drugs (RDRD) le blianta fada anuas.

Bíonn RDRD ag obair le daoine óga agus lena dteaghlaigh agus iad ag iarraidh iad féin a scaoileadh saor ó ghreim na ndrugaí. Go dtí seo tá cuidiú tugtha ag RDRD do 178 teaghlach sa phobal áitiúil. Tá cúinsí tragóideacha, trámacha ina saol ag cuid mhór de na teaghlaigh sin. Tá tinneas tromchúiseach, féinbhás, bochtanas, caillteanas agus ainnise an éadóchais i gceist le cuid acu. De réir na taithí atá againne, is féidir dea-thionchar a imirt ar shlí mhaireachtála na dteaghlach agus ar a dtimpeallacht trí eolas a chur ar fáil agus tacaíocht tríd an athshlánú agus tríd an oideachas. Gach bliain, eagraíonn Ringsend & District Response to Drugs searmanas céimnithe, i gcomhpháirtíocht le Comhlacht Chalafort Átha Cliath, le ceiliúradh a dhéanamh ar roinnt rannpháirtithe a n-éiríonn leo a bheith saor ó dhrugaí. Déanaimid é seo leis an teachtaireacht a chraobhscaoileadh go bhfuil dóchas ann agus gur féidir leat difear a dhéanamh. Go dtí seo, tá 78 duine saor ó dhrugaí i gcónaí mar gheall ar an togra.

# 03 / FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH - AR LEAN

Chomh maith leis sin, bíonn féile feasachta ag RDRD gach bliain ina mbíonn réimse leathan clár cruthaitheach a chuimsíonn an ealaín, an drámaíocht, ceardlanna, oícheanta eolais agus comórtais i scoileanna.

In 2012, bhí breis agus 500 teaghlach as ceantair mar Shráid an Phiarsaigh, an Rinn agus an Balla Thoir páirteach san fhéile.

## CLÁR SCOLÁIREACHTAÍ 2012

Chuireamar tús lenár gclár scoláireachtaí in 2001 agus bhí 150 iarratas ar thacaíocht ann anuraidh, níos mó ná aon bhliain eile.

Cuireadh gach mac léinn a chuir iarratas isteach faoi agallamh agus rinne painéal neamhspleách measúnú oibiachtúil orthu.

Bronnadh scoláireachtaí ar 51 den 150 iarratasóir, rud a d'fhág go raibh tacaíocht á fáil ag 101 mac léinn sa bhliain acadúil 2012/13.

Ó cuireadh tús leis an gclár, tá scoláireachtaí bronnta ar 550 iarratasóir rathúil.

Beifear ag glacadh le hiarratais arís i mí Lúnasa 2013.

## AN SPÓRT

Is ceantar beoga é Calafort Átha Cliath faoi choinne spóirt uisce agus aithnímid luach na ngníomhaíochtaí seo don phobal áitiúil, bíodh an rámhaíocht, an tseoltóireacht nó an snámh i gceist.

Bíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag cur na habhann chun cinn go gníomhach mar áit shábháilte fóillíochta. Déanadh urraíocht ar gheallta bliantúla bád an dá chumann áitiúla rámhaíochta (Naomh Pádraig agus Réalta na Mara) ar an abhainn. Thugamar tacaíocht fosta do gheallta bád seoltóireachta Chumann Luamh agus Bád Theach Solais an Phoill Bhig.


Chomh maith leis sin, rinneamar urraíocht ar an Snámh Traidisiúnta sa Life ó Dhroichead an Naisc Thoir go croílár an Chalafoirt.

**BÍONN FÉILE FEASACHTA AG RDRD GACH BLIAIN INA MBÍONN RÉIMSE LEATHAN CLÁR CRUTHAITHEACH A CHUIMSÍONN AN EALAÍN, AN DRÁMAÍOCHT, CEARDLANNA, OÍCHEANTA EOLAIS AGUS COMÓRTAIS I SCOILEANNA.**


HUMBOLDT II
BREMERHAVEN

# 04

## TÁ COMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH TIOMANTA D'OIBRIÚ DE RÉIR NA GCAIGHDEÁN IS AIRDE AGUS IS FÉIDIR Ó THAOBH AN CHOMHSHAOIL DE. MAR GHEALL AR AN GCOIMITMINT SEO, CAITHFIMID IARRACHT A DHÉANAMH GO LEANTACH OIBRÍOCHTAÍ AN CHALAFOIRT A DHÉANAMH CHOMH HINMHARTHANA AGUS IS FÉIDIR.



# 04 / CÚRSAÍ COMHSHAOIL

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta d'oibriú de réir na gcaighdeán is airde agus is féidir ó thaobh an chomhshaoil de. Mar gheall ar an gcoimitmint seo, caithfimid iarracht a dhéanamh go leantach oibríochtaí an chalafoirt a dhéanamh chomh hinmharthana agus is féidir. Féachaimid leis na cleachtais is fearr i gcalafoirt na hEorpa a chur i bhfeidhm agus faighimid spreagadh ach go háirid trínár rannpháirtíocht ghníomhach in Eagras Chalafoirt Mhara na hEorpa (ESPO) a d'eisigh Treoir Ghlas (Green Guide) i mí Dheireadh Fómhair 2012, "Towards excellence in port environmental management and sustainability".

D'aithin Siim Kallas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, i gceannas ar Chúrsaí Iompair, cur chuige forghníomhach thionscal na gcalafort san Eoraip i leith na timpeallachts nuair a dúirt sé go bhfuil "*an Coimisiún an-sásta leis an meon dearfach atá léirithe ag earnáil na gcalafort maidir le feidhmíocht na gcalafort Eorpach i leith an comhshaol a fheabhsú. Is comhartha tábhachtach é seo a léiríonn a dtiomantas gníomhach, leantach d'oibríochtaí inmharthana. Tá sé thar a bheith maith go bhfuil ESPO mar eiseamláir, rud a spreagfaidh údaráis chalafoirt na hEorpa leis na cuspóirí agus dúshláin chomhshaoil a imeascadh lena n-oibríochtaí laethúla agus lena gcleachtais bhainistíochta.*"

Oibrímid i gCalafort Átha Cliath de réir chaighdeán comhshaoil ISO (ISO14001) agus rinne an foras neamhspleách bronnta, Bureau Veritas, dhá iniúchadh faireachais orainn in 2012.

Thairis sin, cuirimid i bhfeidhm an Córas Comhshaoil agus Athbhreithnithe Calafort (*PERS*). Is é seo an t-aon chaighdeán bainistithe comhshaoil a bhaineann go sonrach le calafoirt agus bíonn sé á dhearbhú go neamhspleách ag Lloyd's Register.

Tá gealltanas déanta againn le fada uisce a chaomhnú in eastát an chalafoirt agus in 2012 laghdaíomar an méid uisce a bhíonn á chaitheamh againn ar 25%. Lena chois sin, d'oibríomar le roinnt custaiméirí dár gcuid agus chuireamar an taithí atá ag ár bhfoireann rialaithe uisce agus ár n-infheistíochtaí i dtrealamh silte uisce agus i nuatheicneolaíochtaí chun sochair dóibh.

Tá caomhnú fuinnimh fíorthábhachtach dúinn freisin agus in 2012 rinneamar uasdátú ar na córais téimh agus oiriúnaithe aeir a cuireadh in Ionad an Chalafoirt in 1981 trí chomhaonad teasa agus cumhachta (*CHP*) nua-aimseartha a shuiteáil le cúnamh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (*SEAI*). Leis an gcóras nua seo, laghdófar lorg carbóin na foirgníochta mar aon le hastuithe ocsaídí nítrigine (NOx), ocsaídí sulfair (SOx) agus ábhar cáithníneach (PM 10 agus PM2.5).

Le linn na bliana, thugamar i gcrích comhaontú lenár leictreachas go léir a fháil ó fhoinsí in-athnuaite. Laghdóidh sé seo ár lorg carbóin bliantúil ar bhreis agus 3,000 tona $CO_2$.

Chomh maith leis seo, choimisiúnaíomar tuirbín beag gaoithe (11kW) sa Chalafort. Táthar ag súil go ndéanfaidh an tuirbín seo tuilleadh agus 20,000 kWh in aghaidh na bliana, rud a laghdóidh astuithe $CO_2$ ar 10 dtona.

Tá bainistiú dramhaíola mar ardtosaíocht i gcónaí agus in 2012 bhaineamar amach ráta athchúrsála 61%. Laghdaíomar freisin an méid dramhaíola a rinneadh ar 17% le hais 2011.

D'oibríomar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2012 le clár a chruthú le défheinilí polaclóirínithe (*PCB*) a aimsiú, a bhaint agus dhiúscairt.

Chomh maith le monatóireacht agus bainistiú ar ár ngníomhaíochtaí féin, bímid ag obair len ár gcustaiméirí ar eastát an chalafoirt le cuidiú leo a gcaighdeáin agus feidhmíochtaí féin comhshaoil a fheabhsú. Tá ár gcur chuige bunaithe ar chur chuige na **5 E's** atá leagtha amach i dTreoir Ghlas ESPO:

- Eisleamláir (Exemplifying); Eiseamláir a thabhairt i mbainistiú ár n-oibríochtaí féin
- Cumasú (Enabling); Dálaí a sholáthar a éascaíonn an bealach d'úsáideoirí agus a chumasaíonn iad a bhfeidhmíocht a fheabhsú
- Spreagadh (Encouraging); Dreasachtaí a thabhairt do na húsáideoirí is glaise sa chalafort
- Teagmháil (Engaging) le húsáideoirí agus/nó leis na húdaráis le heolas agus scileanna a roinnt i gcomhthionscadail
- Forfheidhmiú (Enforcing); Rialacha a shocrú agus a chinntiú go ndéantar dá réir

Cuimsíonn ár gcoimitmint don timpeallacht déileáil le fadhbanna ón am atá caite agus tá tús curtha againn le céim na pleanála i dtogra mór le Báisín Alexandra Thiar a athfhorbairt. Mar chuid den togra seo cuirfimid ina cheart eilliú an bháisín ó fhoinsí éagsúla sa stair, ina measc tógáil agus deisiú long.

Cuimsítear an timpeallacht nádúrtha inár n-iarrachtaí i dtaca leis an gcomhshaol agus táimid ag tacú le Cairde Éanlaith Éireann clár ilbhliantúil taighde agus monatóireachta a dhéanamh ar éin uisce.

Mar fhocal scoir, tá post nua cruthaithe againn, Speisialtóir Sláinte agus Sábháilteachta Comhshaoil, mar fhreagairt ar chúrsaí comhshaoil a bheith ag éirí níos tábhachtaí inár straitéis ghnó.

Táimid sásta gur tháinig feabhas go leantach ar bhainistiú cúrsaí comhshaoil againn in 2012 agus táimid tiomanta do bheith ag obair go dian dícheallach le níos mó feabhsúchán a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

> **CHOMH MAITH LE MONATÓIREACHT AGUS BAINISTIÚ AR ÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ FÉIN, BÍMID AG OBAIR LEN ÁR GCUSTAIMÉIRÍ AR EASTÁT AN CHALAFOIRT LE CUIDIÚ LEO A GCAIGHDEÁIN AGUS FEIDHMÍOCHTAÍ FÉIN COMHSHAOIL A FHEABHSÚ.**


KAPITAN BORCHARDT
O'BRIEN'S
4



# 05

# CUIREANN AN COMHLACHT BONNEAGAR, SAORÁIDÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS ÁITEANNA CRUA-SHEASTA AR FÁIL CHUN FREASTAL AR RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ Ó THAOTH EARRAÍ AGUS PAISINÉIRÍ A AISTRIÚ GO HÉIFEACHTÚIL IDIR MODHANNA IOMPAIR AR TÍR AGUS AR MUIR.

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá Tuarascáil Bhliantúil na Stiúrthóirí á chuir isteach acu in éineacht le ráitis iniúchta airgeadais an Chomhlachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

## FREAGRACHT NA STIÚRTHÓIRÍ AS RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann.

De réir dhlí na hÉireann, tá ceangal ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i dtaca le gach bliain airgeadais a thugann léargas fírinneach, cothrom ar riocht airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas don bhliain airgeadais. Faoi na dlíthe sin, tá aontaithe ag na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn).

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ceangal ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás ina mbeadh sé mí-oiriúnach a bheith ag déanamh go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh i mbun gnó.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil déanta de réir na gceanglas thuas acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil a nochtann go réasúnta cruinn in am ar bith riocht airgeadais an Chomhlachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na riachtanas san Acht Cuanta, 1996 agus in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus, mar sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Éilítear ar na Stiúrthóirí freisin ráiteas a chur sa Tuarascáil Bhliantúil ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais de réir na riachtanas sa Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit.

Ta na Stiúrthóirí freagrach as ionracas i dtaca le faisnéis chorparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta agus as an bhfaisnéis sin a chothabháil. Féadfaidh sé go bhfuil reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus craobhscaoileadh ráitis airgeadais difriúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

## STÁDAS DLÍTHIÚIL

Is Comhlacht le dliteanas teoranta é Comhlacht Chalafort Átha Cliath a bunaíodh de bhun an Achta Cuanta, 1996. Ar 3 Márta 1997 tháinig an Comhlacht i gcomharbacht mar aonán ar Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath, an t-iaraonán reachtúil a bhí freagrach as Calafort Átha Cliath. Ar an data sin, ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath air féin feidhmeanna an eagrais a tháinig roimhe agus fuair a chuid sócmhainní agus dliteanas ar luach a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am. Mar chomaoin as na sócmhainní agus na dliteanais, d'eisigh an Comhlacht scairchaipiteal arbh fhiú €7.648m é don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, bunaíodh an Comhlacht mar an t-údarás píolótaíochta i mBá Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh an fhreagracht a bhí ar an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha as Earnáil na gCalafort Tráchtála go dtí an tAire Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir 2006.

Ar 12 Iúil 2011, d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan go Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 361 de 2011.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is é cuspóir gnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath gluaiseacht earraí agus paisinéirí tríd an gCalafort a éascú, mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann leo.

Cuireann an Comhlacht bonneagar, saoráidí, seirbhísí agus áiteanna crua-sheasta ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí ó thaoth earraí agus paisinéirí a aistriú go héifeachtúil idir modhanna iompair ar tír agus ar muir.

Gintear ioncam trí sholáthar na saoráidí seo, mar atá dliteanais ar shoithigh, dliteanais ar earraí, cíos agus seirbhísí lárnacha mar tharraingt agus píolótaíocht a chur ar fáil.

## GNÓTHAS LEANTACH

Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil go leor acmhainní ag an gComhlacht chun leanacht ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Mar gheall air sin, is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo.

## LEABHAIR CHUNTAIS

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag na Stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuil dualgais an Chomhlachta faoi Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 comhlíonta maidir le leabhair chearta chuntais a choinneáil. Is iad na bearta sin ná úsáid a bhaint as na córais agus na nósanna imeachta cuí agus foireann chumasach chuntasaíochta a fhostú. Is in oifig chláraithe an Chomhlachta a choinnítear na leabhair chuntais, Lárionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tá sonraí ar an mbrabús don bhliain, mar aon le figiúirí comparáideacha don bhliain 2011, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus sna nótaí a ghabhann leis. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais leagtha amach thíos agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tháinig laghdú beag le hais 2011 go 28.0 milliún tona ar an méid tráchtála a tháinig tríd an gCalafort. Laghdaigh easpórtálacha ar 1.0% sa bhliain go 11.4 milliún agus d'fhan iompórtálacha seasta, 16.6 milliún tona.

€65.3m an láimhdeachas a bhí ann don bhliain, laghdú 5.5% le hais na bliana roimhe sin (2011: €69.1m).

Laghdaigh na Costais Iomlána Oibriúcháin, roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibriúcháin, ó €36.7m in 2011 go €33.8m in 2012. Is é an príomhfháth atá leis sin ná costas diúltach iarsheirbhíse €1.7m a d'eascair as laghdú buan ar shochair bhaill phinsinéara mar gheall ar an tobhach pinsin do na blianta 2011 agus 2012. Lena chois sin, bhí costais chothabhála níos ísle in 2012, €0.6m. Le linn 2011 rangaíodh costais iomarcaíochta arbh fhiú €0.7m iad mar Mhíreanna Neamheisceachtúla Oibriúcháin mar gheall ar a méid.

Mhéadaigh an Brabús Oibriúcháin go €29.1m in 2012 ó €27.8m in 2011, rud a d'fhág Corrlach Oibriúcháin de 44.6% (2011: 40.3%). 48.3% an bun-Chorrlach Brabúis Oibriúcháin, roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibriúcháin, don bhliain 2012 (2011: 46.8%).

Tá muirear €2.5m san áireamh sna Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin a bhaineann le clár athstruchtúraithe ar fud an Chomhlachta agus íocaíochtaí iomarcaíochta. In 2011 bhí muirear €4.6m san áireamh sna Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin a bhain le bearnú infheistíocht chomhfhiontair an Chomhlachta in Renore.

Tá muirear €0.5m san áireamh sna Míreanna Eisceachtúla a bhaineann le laghdú buan eile arís ar luach Mhaoin Infheistíochta atá ag an gComhlacht. Tagann sé seo sna sála ar mhuirear €0.6m in 2011. In 2012 rinne an Comhlacht brabús €0.6m as sócmhainní a dhíol agus in 2011 bhí Gnóthachan Eisceachtúil €9.4m ann as diúscairt

talún do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh.

€2.8m na costais ghlana airgeadaithe a bhí ann (2011: €2.8m). Mhéadaigh costais airgeadaithe ar an easnamh sa chiste pinsean ó €1.8m go €2.7m, rud a tharla mar gheall ar thoradh níos ísle ná mar a raibh súil leis as sócmhainní na scéime pinsin. Ba é €0.1m (2011: €0.9m) na muirir ghlana úis agus tá clúdach úis ag an gComhlacht atá 200 oiread na muirear glan úis bunaithe ar Bhrabús roimh Ús agus Cánachas (2011: 39.1). Laghdaigh na Fiacha Glana go €4.4m ó €10.8m in 2011 agus tá an Comhlacht lán-chomhlíontach le gach cúnant i dtaca lenár saoráid iasachtaíochta.

Ba é €22.8m (2011: €27.9m) an brabús don bhliain airgeadais.

Laghdaigh an Cúlchiste Brabúis agus Caillteanais ó €254.2m amhail 31 Nollaig 2011 go €251.7m agus laghdaigh Ciste na Scairshealbhóirí ó €268.2m go €265.7m sa tréimhse chéanna, rud a tharla go príomha mar gheall ar éifeacht an chaillteanais achtúirigh ar shocruithe pinsin sochar sainithe an Chomhlachta.

Is é an sprioc atá ag an gComhlacht don bhliain 2013 maidir le hearraí tráchtála tríd an gcalafort ná 28.3 milliún tona. Baineadh amach 28.0 milliún tona tríd in 2012, 1.8% níos lú ná an sprioc, 28.5 milliún tona.

## CÚRSAÍ COMHSHAOIL

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta chun na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh feidhmíochta comhshaoil de: tá creidiúint ISO 14001 againn agus táimid creidiúnaithe le EcoPorts trí dhearbhú PERS. Tá tuairisc ar Chúrsaí Comhshaoil le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo faoi nochtadh eile.

## CÚRSAÍ FOSTAITHE

Bhí sraith 'Seónna Bóthair Foirne' ann i gcéad ráithe na bliana. Tugadh léargas sonraithe don fhoireann ar Phlean Straitéiseach 2012-2016 agus tugadh deis dóibh a dtuairimí féin a chur in iúl.

Díríonn an Plean Straitéiseach go sonrach ar an iliomad gníomhartha pleanála sna cúig bliana atá romhainn a dhíríonn, i measc nithe eile, ar an bhFoireann agus ar Phinsin.

Is é an bunchuspóir maidir le foirniú ná go mbeidh sé 'mar aidhm ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath an líon ceart comhaltaí foirne a fhostú a bhfuil na scileanna riachtanacha acu agus iad a íoc de réir rátaí an mhargaidh.'

Agus an tasc seo idir lámha, rinneadh anailís 'Lá 1' ar gach réimse oibre lena fháil amach cad iad na gníomhaíochtaí lárnacha agus na gníomhaíochtaí neamhlárnacha. D'éirigh as sin athstruchtúrú ar fud an chomhlachta a seoladh i ráithe deireanach na bliana. Áirítear ann laghdú foriomlán 10% ar líon na gcomhaltaí foirne i ngráid éagsúla fostaíochta. Tá an plean atheagraithe foirne go fóill idir lámha.

Tá clár lárnaithe oiliúna bunaithe ag an Rannóg Caidrimh Fostaithe agus Acmhainní Daonna lena n-áirítear plean cuimsitheach oiliúna agus forbartha don bhliain 2013 agus ina dhiaidh sin.

Ghlac breis agus 50% dár bhfostaithe páirt i suirbhé a rinneadh ar fud an chomhlachta. Rinne taighdeoir seachtrach an suirbhé seo duine le duine agus rúndacht dhaingean i gceist. Tríd an tionscnamh seo, fuarthas léargas doimhin ar réimsí éagsúla den obair a dhéanaimid agus ar an dóigh a ndéanaimid í. Chomh maith le hathdhearbhú a fháil ar dhílseacht agus ar thiomantas ár bhfoireann do Chalafort Átha Cliath mar aonán, tháinig roinnt dúshlán chun solais agus táimid ag plé leis an bhfoireann cad é an dóigh is fearr le leanacht ar aghaidh as seo amach.

## PINSIN

Tá formhór na ndaoine a fostaíodh roimh 2005 ina mbaill de scéimeanna le Sochair Shainithe an Chomhlachta. Íocann na scéimeanna seo pinsin le 430 iarfhostaí freisin. Tá daoine a fostaíodh i ndiaidh 2005 ina mbaill de scéim Ranníocaíochtaí Sainithe an Chomhlachta. Tá méadú seasta tagtha ar líon na mball sa scéim seo le hais na mblianta roimhe seo agus tá 17% de na fostaithe reatha ina mbaill di.

Tá an cuspóir seo a leanas luaite sa Phlean Straitéiseach maidir le Scéim Sochar Sainithe an Chomhlachta, 'Méaduithe pinsin a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus na fachtóirí ábhartha go léir a thabhairt san áireamh lena n-áirítear boilsciú chostas maireachtála agus tionchar méaduithe ar bith a bheadh ann ar leibhéal an dímheasa, agus athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal an mhaoinithe don scéim i bhfianaise na n-éileamh eile ar airgead tirim an Chalafoirt.'

Níor cuireadh méadú ar bith i bhfeidhm ar Scéim na Sochar Sainithe in 2012 agus nílimid ag buiséadú faoi choinne a leithéid in 2013 agus in 2014. Tá na scéimeanna go fóill ag teacht le riachtanais an Chaighdeáin Íosmhaoinithe atá sonraithe in Achtanna na bPinsean.

Maidir le Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe an Chomhlachta, tá an cuspóir a leanas leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, 'Iontaobhaí neamhspleách speisialtóra a bhunú, baill uile Scéim na Ranníocaíochtaí Sainithe a chur ar an eolas faoin dóigh a n-oibríonn an scéim, agus seisiúin eolais agus eolas / comhairle a thabhairt go rialta do bhaill agus a chinntiú go dtuigeann siad na táillí agus costais bheartaíochta ar a gcuid infheistíochtaí.'

Tá Irish Pensions Trust ceaptha mar iontaobhaí agus tá grúpa oibre bunaithe ina bhfuil comhaltaí foirne agus bainisteoirí leis na cuspóirí thuasluaite a ghnóthú. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an scéim ar na mallaibh freisin.

Tá roinnt comhaltaí foirne ó gach rannóg sa Comhlacht rannpháirteach fós go gníomhach sa Choiste Sláinte agus Sábháilteachta.

Le linn na bliana, sheolamar ár gclár printíseachta agus fuaramar amach, ar an drochuair, gur tugadh pacáistí iomarcaíochta do roinnt daoine óga ón bpobal áitiúil a raibh printíseachtaí acu mar gheall ar chúinsí eacnamaíochta go ginearálta. De réir ár gcuspóirí maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, bhunaigh Comhlacht Chalafort Átha Cliath clár le cuidiú leis na printísigh seo agus le printísigh eile ar tugadh pacáistí iomarcaíochta dóibh; thug an clár deis dóibh a gcuid oiliúna a chríochnú agus cáilíocht a bhaint amach sa cheird ba rogha leo.

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMHÉIGINNTEACHTAÍ

Ba é ceann de na príomhéiginnteachtaí a luaíodh i dtuarascálacha roimhe seo ná mí-ábalacht an Chomhlachta go leor acmhainní a chur ar fáil don mhargadh. I ndiaidh gur dhiúltaigh an Bord Pleanála cead pleanála a thabhairt faoi choinne an tsínte ar an gCalafort a bhíothas a mholadh (Togra Thairseach Bhaile Átha Cliath) chuaigh an Comhlacht i mbun próiseas cuimsitheach Máistirphleanála in 2011. Chuathas i gcomhairliúchán foirmiúil le gach páirtí leasmhar agus ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas ná lainseáil Máistirphlean 2012-2040 i mí Feabhra 2012. Tá mapa leagtha amach sa Mháistirphlean don fhorbairt amach anseo, rud a chinnteoidh go mbeidh an Calafort in ann a phríomhról a chomhlíonadh: an trádáil a éascú, agus cúrsaí comhshaoil a thabhairt san áireamh san am céanna, agus an dóigh a gcomhtháthóidh an Calafort leis an gCathair agus lena chomharsana sna blianta atá romhainn a leagan amach. In 2013 tabharfaidh an Comhlacht chun cinn a iarratas leis an gcéad chuid den Mháistirphlean a chur i bhfeidhm; is é a bheidh i gceist leis sin ná athfhorbairt shuntasach ar cheantar Bháisín Alexandra. Áirítear ann áiseanna nua curtha i mbeart don trádáil chúrsála agus méadú na mbeart atá ann cheana féin le hacmhainní breise láimhseála a chur ar fáil do thrádáil bulc agus do thrádáil aonadaithe araon.

I bhfianaise na titime sa trádáil sa dara leath de 2008 agus in 2009, is léir go bhfuil an Comhlacht neamhchosanta, mar gheall ar ghnáthchúrsa a chuid oibríochtaí, ar an tionchar atá ag lagthrá eacnamaíochta ar ghníomhaíochtaí an Chalafoirt. In 2010 tháinig fás arís ar an trádáil agus ba ionann an leibhéal trádála a cuireadh tríd agus breis agus 90% den bhuaicleibhéal a baineadh amach in 2007. Bhí laghdú 0.1% agus 0.4% ar an trádáil in 2011 agus in 2012 faoi seach. Is léir go mbeidh tionchar ag na hionchais i dtaca le geilleagar na hÉireann trí chéile ar ionchais fáis an Chomhlachta sa todhchaí.

Tá an Comhlacht neamhchosanta fosta ar thionchar lagthrá eacnamaíochta ar a ghníomhaíochtaí neamhlárnacha. Mar fhianaise air sin tá an laghdú ar luach mhaoin infheistíochta an Chomhlachta i bPáirc Gnó an Phointe Thoir. In 2012 tá laghdú eile arís ar an luach de €0.5m curtha san áireamh mar Mhír Eisceachtúil sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais; is léiriú é seo ar an gcor chun donais sa mhargadh maoine, go háirithe i mBaile Átha Cliath. €6.75m an laghdú iomlán ar an luach le ceithre bliana anuas, rud a laghdaíonn luach anonn na maoine ar Chlár Comhardaithe an Chomhlachta go €4.2m.

Tá athbhreithniú déanta fosta ag an gComhlacht ar luach anonn a infheistíochta in Renore, Comhlacht Comhfhiontair ar leis grúpa comhlachtaí calafoirt an Ghrianfoirt agus a oibríonn iad. Léiríonn na dálaí trádála a bhí in Renore na dálaí dúshlánacha, deacra i ngeilleagar na hÉireann. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar luach anonn na hinfheistíochta, bhí an méid seo a leanas go mór ar intinn ag na Stiúrthóirí: laghdú eile arís ar mhéideanna a chuirfear tríd na calafoirt mar aon le heaspa fáis ionchasaigh sna blianta atá romhainn. Laghdaíodh luach anonn na hinfheistíochta go €0.75m in 2011 agus táimid sásta nár tháinig athrú nithiúil ar bith ar an luacháil in 2012.

Tá an Comhlacht tiomanta chun a neamhchosaint ar riosca a bhainistiú go rathúil agus chun tionchar rioscaí ar ghnóthú na gcuspóirí gnó a íoslaghdú. Le linn 2012, rinneadh an Coiste Iniúchta a athbhunú mar an Coiste Iniúchta agus Riosca. Leasaigh an Bord téarmaí tagartha an Choiste le bheith ag teacht níos fearr le ról an Choiste maidir le tacaíocht a thabhairt don Bhord agus neamhchosaint an Chomhlachta ar riosca á bhainistiú aige. Déanfar uasdátú ar an gClár Rioscaí in 2013 agus déanfar Beartas um Bainistiú Rioscaí a athcheapadh le bheith ag teacht leis an gClár uasdátaithe.

Tá Creat Bainistithe Rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gComhlacht agus na gnéithe seo a leanas ag baint leis:

- Próisis le rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a rangú,
- Measúnú leanúnach ar rioscaí agus tomhas rioscaí,
- Monatóireacht ar rioscaí agus iad a chur in iúl don Choiste Iniúchta agus Riosca mar fhochoiste den Bhord.

Chomh maith leis sin, déantar riosca foriomlán feidhmíochta gnó a bhainistiú trí na bearta seo a leanas:

- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana,
- Tuairisciú Míosúil agus Anailís ar Athraitheas,
- Rialuithe Airgeadais,
- Príomhtháscairí Feidhmíochta agus
- Beartais, Caighdeáin agus Treoirlínte sonraithe a chuidíonn le rioscaí a rialú agus a mhaolú.

## BAINISTIÚ RIOSCAÍ AIRGEADAIS

Mar gheall ar a chuid oibríochtaí, tá an Comhlacht neamhchosanta ar éagsúlacht rioscaí airgeadais, ina measc rioscaí i dtaca le hathluacháil airgeadraí, le rátaí úis, le creidmheas agus leachtacht agus le sreabhadh airgid thirim. Déantar athbhreithniú go rialta ar bheartais leis an gComhlacht a chosaint ar rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht as monatóireacht ar bhainistiú rioscaí

airgeadais tarmligthe ag na Stiúrthóirí chun fochoiste de chuid an Bhoird. Is amhlaidh a leagann an Bord Stiúrthóirí na Beartais amach agus cuireann Rannóg Airgeadais an Chomhlachta i bhfeidhm iad.

**Riosca Athluachála Airgeadraí:**
Is in euro a dhéanann an Comhlacht an chuid is mó dá ghnó agus mar sin de tá sé cosanta go maith ar athruithe ar luach airgeadraí iasachta. Nuair a fhaigheann an Chomhlacht iasacht, is in euro a bhíonn sé.

**Riosca Rátaí Úis:**
D'fhonn neamhchosaint an Chomhlachta ar dhrochathruithe suntasacha ar rátaí úis a bhainistiú, tá sé mar pholasaí aige rátaí seasta úis a bheith i gceist le 60 faoin gcéad, ar a laghad, dá fhiacha (2011: 60 faoin gcéad). D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, tá comhshocruithe malartaithe i bhfeidhm aige maidir le rátaí úis.

**Riosca Creidmheasa:**
Bíonn an Comhlacht neamhchosanta ar riosca creidmheasa agus é i mbun trádála. Chun an riosca seo a bhainistiú déanann sé na seiceálacha cuí creidmheasa ar chustaiméirí ionchasacha agus ní bhíonn sé ag trádáil ach amháin le tríú páirtithe a n-aithnítear iad a bheith daingean ó thaobh creidmheasa de.

**Riosca Leachtachta agus Sreabhadh Airgid Thirim:**
Coinníonn an Comhlacht meascán d'airgeadú gearrthéarmach agus meántéarmach fiachais aige féin lena chinntiú go mbíonn go leor maoinithe ar fáil faoi choinne infheistíochta caipitiúla beartaithe. Ag deireadh 2012 bhí saoráidí tiomanta de €15 milliún i bhfeidhm ag an gComhlacht nár baineadh díobh. Chuir an Comhlacht saoráid iasachtaíochta i bhfeidhm in 2012 in áit na bhfiach aige agus ar mhaithe le cur leis an tréimhse ama a bhaineann leo. Tá an tsaoráid seo le haisíoc faoi Aibreán 2017.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhlacht torthaí a chuid infheistíochtaí a uasmhéadú trí aon iarmhéideanna airgid thirim sa bhreis a chur i dtaisce airgid thirim a mbaineann riosca íseal leis ar bhonn gearrthéarmach. Tá sainordú cistíochta i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

## IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon imeacht ann idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais.

## FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Tá Clár buiséadaithe Infheistíochta Caipitiúla de €26m ag an gComhlacht don bhliain 2013. Áirítear leis an gClár Infheistíochta Caipitiúla atá beartaithe:

- Athfhorbairt Ché Alexandra Thoir;
- Príomhphíobán uisce dóiteáin;
- Saoráid do charranna trádála;
- Athfhorbairt ar Bháisín Alexandra Thiar.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ

Ba é €22.8m brabús an Chomhlachta don bhliain airgeadais. Is mar seo a leanas a rinne na Stiúrthóirí leithdháileadh agus moltaí maidir leis an méid sin:

| | 2012 €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn Eatramhach de €0.88 (2011: €1.43) in aghaidh na scaire íoctha | 10,200 | 16,500 |
| Méadú ar Bhrabús a Coinníodh | 12,623 | 11,411 |
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | **22,823** | **27,911** |

Níl sé de rún ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

## LEAS NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS AN RÚNAÍ

Ní raibh aon leas do na Stiúrthóirí ná don Rúnaí ná dá gcuid teaghlach ag baint le scairchaipiteal an Chomhlachta ar 31 Nollaig 2012 agus 2011.

Ní raibh aon chonradh ná comhshocrú suntasach ann maidir le gnó an Chomhlachta ná gnó an Chomhlachta ghaolmhair a raibh leas ag baint leis do na Stiúrthóirí ná don Rúnaí ná dá gcuid teaghlach, de réir mar a shainmhínítear in Acht na gCuideachtaí, 1990.

## COMFHIONTAR

Tá an leas a bhaineann an Comhlacht as Comhfhiontar leagtha amach go sonrach i nóta 11 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## AN TACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

Tá sé mar pholasaí ag an gComhlacht soláthróirí a íoc de réir théarmaí Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha i mBearta Tráchtála), 2002 agus de réir Acht na nÍocaíochtaí Prasa, 1997.

Chun na críche sin, déanann an Comhlacht íocaíochtaí ar bhealach a dhearbhaíonn, go réasúnta, nach mbímid thíos leis mar gheall ar neamh-chomhlíonadh ábharach na Rialachán. 30 lá an ghnáth-thréimhse chreidmheasa, ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt i gcomhshocruithe conartha. Go substaintiúil, rinneadh gach íocaíocht de réir lín agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar a éilíodh. Mar thoradh air sin, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil riachtanais an Achta comhlíonta ag an gComhlacht.

## STIÚRTHÓIRÍ

Tá ainmneacha na ndaoine sin a bhí mar Stiúrthóirí aon am i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 leagtha amach thíos. Muna ndeirtear a mhalairt, bhí siad ina Stiúrthóirí ar feadh na bliana ar fad.

L. McCaffrey

E. O'Reilly

H. Collins (ceaptha 27 Iúil 2012)

E. Finnan

J. Frater (ceaptha 27 Iúil 2012)

B. W. Kerr (tháinig críoch lena théarma oifige ar 12 Meitheamh 2012)

J. Kiersey (tháinig críoch lena théarma oifige ar 12 Meitheamh 2012)

P. Magner (athcheaptha 6 Meán Fómhair 2012)

J. Moore (athcheaptha 13 Meán Fómhair 2012)

C. Rochfort (tháinig críoch lena théarma oifige ar 18 Meán Fómhair 2012)

## CAIDREAMH LE SCAIRSHEALBHÓIRÍ

Bíonn an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí i mbun plé leanúnaigh le scairshealbhóirí an Chomhlachta maidir le feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus ceisteanna straitéiseacha. Bíonn cead de dhíth ón Aire Iompair agus/nó ón Aire Airgeadais maidir le ceisteanna áirithe sonraithe agus bítear i dteagmháil leanúnach leis an Aire cuí tríd an roinn chuí. Cuireann an Cathaoirleach tuairiscí chuig an Aire Iompair de réir mar a éilítear le hAlt 28 d'Acht na gCuanta 1996 agus de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta chun an caighdeán is airde a bhaint amach i rialachas corparáideach agus tá glactha aige leis na prionsabail rialachais chorparáidigh agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. Déanann an Comhlacht freisin de réir a chuid dualgas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. .

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta chun an caighdeán is airde a bhaint amach i rialachas corparáideach agus tá glactha aige leis na prionsabail rialachais chorparáidigh agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. Déanann an Comhlacht freisin de réir a chuid dualgas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Is stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha iad formhór na Stiúrthóirí agus is é an tAire a cheap iad. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil ar bhonn míosúil agus bíonn sceideal foirmiúil ceisteanna ann a gcaithfidh an Bord féin go sonrach cinneadh a dhéanamh mar gheall orthu. Is é an Bord atá freagrach as cumhachtaí uile an Chomhlachta a fheidhmiú, seachas iad sin atá ag na Scairshealbhóirí amháin, agus is é an Bord atá freagrach as oibríochtaí uile an Chomhlachta. Féadfaidh an Bord na cumhachtaí aige a tharmligean, de réir mar is cuí leis, chun Coiste Boird nó chun an Phríomhfheidhmeannaigh faoi réir cibé srianta nó rialúchán a chuireann sé féin i bhfeidhm mar chuid den tarmligean sin. Faoi réir chead an Aire i gcásanna áirithe, tá cead foirmiúil tugtha ag an mBord cinntí a fhorchoimeád i dtaca le feidhmeanna áirithe sna réimsí seo a leanas: Rialú, Airgeadas, Soláthar, Oibríochtaí agus Ceapúcháin Acmhainní Daonna. Bíonn fáil ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta agus is féidir leo comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil nuair a mheastar gá a bheith lena leithéid.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta i 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Leagadh amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus ballraíocht an Choiste mar aon lena chuid freagrachtaí maidir le tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúchadh seachtrach, rialachas corparáideach agus iniúchadh inmheánach. Ba iad baill an Choiste i rith na bliana B. W. Kerr (Cathaoirleach), Emer Finnan agus P. Magner. Tháinig deireadh le téarma oifige an Uasail Kerr ar 12 Meitheamh 2012. Ar 24 Meán Fómhair, d'aontaigh an Bord an Coiste Iniúchta a athbhunú mar an Coiste Iniúchta agus Riosca. Ceapadh na daoine a leanas air: Emer Finnan (Cathaoirleach), Helen Collins agus P. Magner. Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile ceithre huaire le linn na bliana.

Bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair i 1999. Oibríonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha agus tháinig siad le chéile faoi dhó i rith na bliana.

## FREASTAL AR CHRUINNITHE

Bhí 10 gCruinniú Ginearálta den Bhord ann i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012.

Is é seo a leanas tinreamh na Stiúrthóirí ag cruinnithe an Bhoird:

| | I LÁTHAIR | I DTEIDEAL A BHEITH I LÁTHAIR |
|---|---|---|
| L McCaffrey | 10 | 10 |
| E O'Reilly | 10 | 10 |
| H Collins | 3 | 3 |
| E Finnan | 9 | 10 |
| J Frater | 3 | 3 |
| BW Kerr | 4 | 5 |
| J Kiersey | 5 | 5 |
| P Magner | 9 | 9 |
| J Moore | 10 | 10 |
| C Rochfort | 7 | 7 |
| **COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA** | | |
| E Finnan | 4 | 4 |
| H Collins | 2 | 2 |
| BW Kerr | 2 | 2 |
| P Magner | 3 | 4 |
| **COISTE LUACH SAOTHAIR** | | |
| L McCaffrey | 2 | 2 |
| J Frater | 1 | 1 |
| BW Kerr | 1 | 1 |
| J Kiersey | 1 | 1 |
| P Magner | 1 | 1 |

## COSTAIS NA STIÚRTHÓIRÍ

Íocadh costais arbh fhiú €171 iad leis an mBord i rith na bliana i leith míleáiste agus €74 i dtaca le costais eile.

## RIALUITHE INMHEÁNACHA

Is é an Bord atá freagrach as na córais rialaithe inmheánaigh sa Chomhlacht. Leis na córais sin atá i bhfeidhm ag an gComhlacht ní féidir ach dearbhú réasúnta a thabhairt, agus ní dearbhú iomlán, go ndéantar bearta de réir údarú na mbainisteoirí, go gcosnaítear sócmhainní, go gcosctar calaois agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe aige.

D'fhonn a chinntiú go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtach, tá seirbhísí faighte ó dhaoine cáilithe agus na dualgais éagsúla tarmligthe chucu mar is cóir. Áirítear ar na córais rialaithe inmheánaigh:

- Próiseas chun rioscaí gnó a aithint agus luacháil ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo trí athbhreithniú rialta ar Phlean Straitéiseach an Chomhlachta. Tá an próiseas a bhaineann le Creat Bainistithe Rioscaí an Chomhlachta leagtha amach thuas faoin gceannteideal "Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí". Ghlac an Bord go foirmiúil leis an bPlean Straitéiseach is deireanaí don tréimhse 2012 go 2016 i mí Eanáir 2012;
- Buiséad bliantúil, faofa ag an mBord, agus plé míosúil ar na torthaí iarbhír le hais na réamhinsintí buiséid;
- Coiste Iniúchta agus Riosca a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé in éineacht leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha cuntasaíochta an Chomhlachta, a fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, na beartais chuntasaíochta a roghnaíodh, na pleananna iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh, tuarascáil reachtúil na n-iniúchóirí, tuairisciú airgeadais agus ceisteanna gaolmhara eile;
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh trína ndéantar athbhreithniú ar na príomhphróisis agus ar na príomhrialuithe gnó;
- Cóid fhoirmiúla iompair do Stiúrthóirí agus d'fhostaithe;
- Beartais agus gnáthaimh sholáthair. Cinntítear leo seo, sa chéad dul síos, go ndéantar gach rud a bhaineann le soláthar seirbhísí ar bhealach a chinntíonn luach ar airgead i dtéarmaí na gcostas a bhaineann leis na seirbhísí sin ar feadh an ama a mhaireann siad, agus sa dara dul síos, go gcomhlíontar na Treoirlínte Stáit agus na Treoracha AE ar fad a bhaineann le Fóntais Phoiblí.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

Rinne an tIniúchóir Inmheánach, Deloitte, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus níor nochtadh aon laige shuntasach rialaithe arbh ghá don Bhord a aird a dhíriú air láithreach a bheadh mar riosca suntasach maidir le caillteanas airgeadais nó a chuirfeadh isteach ar oibríochtaí.

## TABHARTAIS PHOLAITIÚLA

Níor thug an Bord aon tabhartas polaitiúil i gcaitheamh na bliana.

## INIÚCHÓIRÍ

Déanfar na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, a athcheapadh de réir alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

**Lucy McCaffrey**
**Eamonn O'Reilly**

*26 Márta 2013*

# 06 / TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL CHOMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH

Tá ráitis airgeadais Chomhlacht Chalafort Átha Cliath don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 iniúchta againn. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de na nithe a leanas: an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim, an Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí a ghabhann leo. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a ullmhaíodh na ráitis airgeadais ná dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus fógraithe ag Instiitiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Coitianta in Éirinn).

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS NA NINIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH

Mar atá mínithe ar bhealach níos sonraithe sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a thugann léargas fírinneach, cothromí. Is é an fhreagracht atá orainne na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a thabhairt orthu de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, caithfimid déanamh de réir na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, agus na tuairimí atá ann, faoi choinne bhaill an chomhlachta agus faoina gcoinne siúd amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, agus ní chun críche ar bith eile. Agus na tuairimí sin á nochtadh againn, ní ghlacaimid le freagracht ar bith ná ní ghlacaimid orainn féin freagracht ar bith chun críche ar bith eile ná d'aon duine eile dá dtaispeánfaí an tuarascáil seo nó d'aon duine a gheobhadh í ach amháin sa chás ina dtoileoimis a leithéid roimh ré i scríbhinn.

## SCÓIP AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise leordhóthanach a fháil faoi na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais lena dhearbhú go réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas nithiúil, bíodh calaois nó earráid mar bhunús leis. Áirítear leis sin measúnú ar: na beartais chuntasaíochta a bheith fóirsteanach d'imthosca an chomhlachta agus iad a bheith curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochtaithe go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí, agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Chomh maith leis sin, léimid an t-eolas uile sa Tuarascáil Bhliantúil, idir eolas a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus eolas nach mbaineann le cúrsaí airgeadais, le neamh-chomhsheasmhachtaí nithiúla leis na ráitis iniúchta airgeadais a aimsiú. Má thagaimid ar aon mhíráitis nó neamh-chomhsheasmhachtaí nithiúla dealraitheach, smaoinímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil féin.

## TUAIRIM AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Inár dtuairimse, is fíor an méid seo a leanas maidir leis na ráitis airgeadais:

- tá léargas cruinn cothrom in sna ráitis airgeadais, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht an Chomhlachta amhail 31 Nollaig 2012 agus ar a bhrabús agus ar a shreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch an dáta céanna; agus
- tá na ráitis airgeadais ullmhaithe mar is cóir de réir na gceanglas in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

## CÚRSAÍ A BHFUIL CEANGAL ORAINN TUAIRISC A THABHAIRT ORTHU DE RÉIR ACHTANNA NA GCUIDEACHTAÍ 1963 GO 2012

- Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.
- Is í ár dtuairim gur choinnigh an comhlacht leabhair chearta chuntais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.
- Is í ár dtuairim go bhfuil an t-eolas i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.
- Is mó ná leath dá scairchaipiteal glaoite sócmhainní glana an chomhlachta, mar atá ráite ar an gClár Comhardaithe agus ar an mbonn sin, dar linne, ní raibh an comhlacht i riocht airgeadais ar 31 Nollaig 2012 a d'fhágfadh go mbeadh air, faoi Alt 40(1) d'Acht (Leasú) na gCuideachtaí, 1983, ollchruinniú neamhghnách de chuid an chomhlachta a eagrú.

## CÚRSAÍ A BHFUIL CEANGAL ORAINN TUAIRISC A THABHAIRT ORTHU D'EISCEACHT

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis na nithe a leanas:

Faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012 tá ceangal orainn sibh a chur ar an eolas muna bhfuil na nochtuithe atá sonraithe sa dlí i dtaca le luach saothair agus bearta stiúrthóirí déanta, dar linn.

Faoin gCód Cleachtais um Rialú Foras Stáit ("an Cód") tá ceangal orainn sibh a chur ar an eolas muna bhfuil an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a éilítear faoin gCód agus atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht le comhlíonadh paragraf 13.1 (iii) an Chóid anChomhlachta nó muna bhfuil sé ag teacht leis an eolas ar thángamar air agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn.

**Enda McDonagh**
**Faoi choinne agus thar ceann PricewaterhouseCoopers**
**Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil**
**Baile Átha Cliath**

*26 Márta 2013*

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ag bhfuil glactha leo ag an gComhlacht:

## BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus de réir reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Is é atá i gceist leis na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus ráitis airgeadais a thugann léargas cruinn cothrom á n-ullmhú ná na caighdeáin sin arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Is é tátal na Stiúrthóirí, i ndiaidh dóibh na fiosruithe cuí a dhéanamh, gur oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, bíonn ar na Stiúrthóirí meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar mhéid tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas. Áirítear orthu na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh: aithint ioncaim, bearnú sócmhainní, dímheas agus sochair scoir. Thiocfadh dó go mbeadh na torthaí iarbhír difriúil ó na meastacháin.

## COINBHINSIÚN AN CHOSTAIS STAIRIÚIL

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna choigeartú trí luacháil ar Mhaoin Infheistíochta.

## LÁIMHDEACHAS

Is é atá i gceist le láimhdeachas luach na seirbhísí ar fad a cuireadh ar fáil do thríú páirtithe, cáin bhreisluacha as an áireamh, agus luaitear é de réir rang gnó i nóta 2 leis na Ráitis Airgeadais.

### Dleachtanna Calafoirt:

Faightear ioncam bunaithe ar Dhleachtanna Calafoirt ó mhuirir a ghearrtar ar lucht úsáidte an chalafoirt. Áirítear leis na muirir sin dleachtanna earraí, dleachtanna soithigh agus príomhsheirbhísí eile mar tharraingt agus píolótaíocht. Déantar Dleachtanna Earraí a ghearradh trí thagairt a dhéanamh do liosta muirear atá bunaithe ar Rangúcháin Chaighdeánta Idirnáisiúnta Trádála. Gearrtar Dleachtanna Soithigh i leith teacht isteach an tsoithigh agus tá na rátaí bunaithe ar thonnáiste glan nó ar leath tonnáiste comhlán an tsoithigh, cibé acu is mó, agus is i dtaca leis sin atá na dleachtanna inmhuirir. Gearrtar Seirbhísí Tarraingthe agus Píolótaíochta de réir úsáide.

Aithnítear Ioncam ó Dhleachtanna Calafoirt bunaithe ar an dáta a dtagann an soitheach isteach sa Chalafort.

### Airgead Cíosa:

Faightear ioncam cíosa go príomha as maoin atá ligthe amach ar cíos ar chúiseanna a bhaineann leis an gcalafort agus aithnítear é bunaithe ar an tréimhse lena mbaineann an cíos. Gearrtar cíos de réir théarmaí an chomhshocrú cíosa.

### Eile:

Áirítear le hioncam eile atá san áireamh sa Láimhdeachas ioncam ón Nasc Thoir, Táillí Ceadúnas agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse comhtháite an Chomhlachta agus ó Chlós na dTrucailí. Aithnítear ioncam bunaithe ar an tréimhse lena mbaineann an t-ioncam.

## SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe mar chostas lúide dímheas carntha, ach amháin i gcás Mhaoin Infheistíochta an Chomhlachta atá luaite ag a luach ar an margadh oscailte. Ní dhímheastar talamh ruilse.

Ríomhtar dímheas d'fhonn an costas a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe – seachas talamh ruilse, an Mhaoin Infheistíochta agus sócmhainní bonneagair – a dhíscríobh thar a saolré úsáideach measta trí thráthchodanna cothroma bliantúla.

Is é atá i gceist le sócmhainní bonneagair na sócmhainní sin a bhfuil saolré úsáideach gan deireadh acu agus a tógadh, de ghnáth, na blianta fada ó shin, ach nach dócha go dtógfaí arís iad sa lá atá inniu ann san fhormáid chéanna. Áirítear leo sócmhainní mar Bhalla an Bhulla Thuaidh agus an Balla Mór Theas. Tá luach nialasach le sócmhainní bonneagair agus áirítear an costas a bhaineann lena gcothabháil sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Is é seo a leanas saolré úsáideach measta na sócmhainní seasta inláimhsithe a bhfuil dímheas ríofa bunaithe orthu:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh, céanna, bóithre agus críochfoirt | 50 bliain |
| Déanmhais dugaí, dugaí agus céanna tirime | 30 - 50 bliain |
| Dreidireacht chaipitiúil | 30 bliain |
| Soithigh ar snámh | suas le 30 bliain |
| Crainn taca | suas le 30 bliain |
| Fearas agus innealra | 2 - 30 bliain |
| Gnáthdhreidireacht | 2 bhliain |

Níl sé mar pholasaí ag an gComhlacht sócmhainní seasta inláimhsithe a athluacháil, seachas an Mhaoin Infheistíochta atá luaite ag a Luach sa Mhargadh Oscailte.

## BEARNÚ SÓCMHAINNÍ

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní i dtaca le bearnúchán sa chás go mbíonn imeachtaí ann nó go dtagann athruithe i bhfeidhm a d'fhágfadh go mbeadh seans ann nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála sócmhainne agus a glanluach inréadaithe nó a luach úsáide, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanas bearnúcháin mar an méid a bhfuil luach anonn sócmhainne níos mó ná an méid atá in-aisghabhála agus déantar an tsócmhainn a dhíluacháil go dtí an méid sin. Tá an méid in-aisghabhála bunaithe ar ríomhuithe a bhaineann leis an luach úsáide.

Agus luach úsáide á mheasúnú, déantar sreabhadh measta airgid thirim sa todhchaí a laisciniú go dtí a luach reatha trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach, ráta atá ag teacht le measúnú ag an margadh reatha ar amluach airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn.

## MAOIN INFHEISTÍOCHTA

Déantar maoin infheistíochta an Chomhlachta a athluacháil ar bhonn bliantúil de réir SSAP 19, agus aistrítear an barrachas nó an t-easnamh go dtí Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta ach amháin sa chás ina mbítear ag súil go bhfuil easnamh atá níos lú ná an bunchostas, nó a fhreaschur, buan; sa chás sin cuirtear san áireamh é sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain atá i gceist.

Cé go n-éilítear de ghnáth le hAchtanna na gCuideachtaí dímheas córasach bliantúil na sócmhainní seasta, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil gá le polasaí gan dímheas a sholáthar sa dóigh go mbeidh léargas cruinn cothrom sna ráitis airgeadais, mar tá ríthábhacht le luach reatha na maoine infheistíochta agus leis na hathruithe a thagann ar a luach, agus gur tábhachtaí sin ná dímheas córasach bliantúil a ríomh. Níl sa dímheas ach ceann amháin den iliomad gnéithe atá san áireamh sa luacháil bhliantúil, agus ní féidir an méid sin a aithint ná a chainníochtú leis féin cé go bhféadfaí é a chur san áireamh i gcásanna eile.

## DEONTAIS CHAIPITIÚLA AGUS RANNÍOCAÍOCHTAÍ I DTACA LE COSTAS NA SÓCMHAINNÍ SEASTA

Caitear le deontais chaipitiúla agus ranníocaíochtaí i dtaca le costais na sócmhainní seasta mar a bheadh creidmheas iarchurtha iontu, agus déantar iad a amúchadh chun an Chuntais Bhrabúis agus Chaillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní seasta inláimhsithe gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais, trína gcur sna ráitis airgeadais, sa chás amháin inar féidir a réadú deiridh in airgead tirim a dhearbhú le cinnteacht réasúnta.

## TALAMH FAOI CHOINNE FORBARTHA

Tá talamh le haghaidh forbartha comhdhéanta de thalamh nach gcoinnítear le haghaidh úsáidí fadtéarmacha gnó, ach a choinnítear le go ndéanfar é a fhorbairt nó a athdhíol, agus luaitear é mar luach an chostais nó luach margaidh, cibé acu is ísle.

## INFHEISTÍOCHTAÍ AIRGID THIRIM AGUS SÓCMHAINNÍ REATHA

Áirítear le hairgead tirim sa bhanc agus ar láimh na hiarmhéideanna agus na taiscí uile in airgead tirim atá in-aisíoctha ar éileamh. Rangaítear taiscí téarma a thiocfaidh in aibíocht taobh istigh de 6 mhí mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

## STOIC

Luaitear stoic mar chostas nó mar ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

Áirítear le costas an costas ceannaigh, agus nuair is cuí, dleachtanna iompórtála agus costais iompair.

Socraítear glanluach inréadaithe mar an costas lúide soláthar le haghaidh earraí a bhfuil damáiste déanta dóibh, atá imithe in olcas, atá ó mhaith nó nach féidir úsáid a bhaint astu.

## AIRGEADRAÍ EACHTRANNACHA

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrannach a aistriú ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm dáta an Chláir Chomhardaithe agus déantar ioncaim, costais agus sócmhainní nach sócmhainní airgeadaíochta iad a aistriú ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm dáta an bhirt féin.

Is sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais atá brabúis agus caillteanais a tháinig as aistriú airgeadra eachtrannaigh agus iad siúd a bhí ann nuair a socraíodh méideanna infhaighte agus iníoctha in airgeadra eachtrannach.

Is ionann sócmhainní airgeadaíochta agus airgead atá coinnithe mar aon le méideanna atá le fáil i bhfoirm airgid, agus is sócmhainní neamhairgeadaíochta iad gach sócmhainn eile.

## SOCHAIR AR DHUL AR SCOR

Tá socruithe um shochair shainithe agus ranníocaíochtaí sainithe araon ag an gComhlacht. Déantar sócmhainní na scéime pinsin le sochair shainithe a thomhas ag luach cothrom. Déantar dliteanais na scéime pinsin le sochair shainithe a thomhas ar bhonn achtúireach agus baintear úsáid as an modh a bhaineann le costas réamh-mheasta achtúireach aonaid. Cuirtear barrachas dhliteanais na scéime pinsin thar shócmhainní na scéime pinsin i láthair ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas lúide cáin iarchurtha gaolmhar. Tá an muirear i dtaca le sochair shainithe phinsin atá i bhfeidhm ar an mBrabús Oibriúcháin comhdhéanta den chostas reatha seirbhíse agus den chostas seirbhíse a bhí ann san am a chuaigh thart. Tá barrachas chostas an úis a bhaineann le dliteanais na scéime thar an toradh ionchasach ó shócmhainní na scéime - tá an barrachas sin curtha i láthair sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais faoi “Costas eile airgeadais”.

Tá na gnóthachain agus na caillteanais achtúireacha a éiríonn as athruithe ar bhoinn thuisceana achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí tá siad san áireamh sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain inar tharla siad.

Baintear na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an gComhlacht faoi na scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe den Chuntas Brabúis agus Caillteanais sa tréimhse ina bhfuil siad iníoctha.

## DREIDIREACHT

Déantar dreidireacht chaipitiúil a chuireann le rochtain ar an gCalafort nó lena bhonneagar a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus dímheastar í thar a saolré úsáideach mheasta.

## CÁNACHAS

Soláthraítear cáin chorparáideach de réir rátaí reatha nuair is cuí.

Bíonn cáin iarchurtha i gceist i gcás gach difríocht ama a raibh a dtús ann dáta an Chláir Chomhardaithe, ach nach raibh freaschurtha amhail an dáta sin, sa chás gur tharla bearta nó imeachtaí dáta an Chláir Chomhardaithe a bhfuil dualgas mar thoradh orthu níos mó cánach a íoc sa todhchaí nó an ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí. Is é atá i gceist le difríochtaí ama ná difríochtaí sealadacha idir na brabúis mar a ríomhadh iad chun críocha cánach agus na brabúis atá luaite sna ráitis airgeadais; is difríochtaí iad a thagann chun cinn mar pléitear le ceisteanna áirithe ioncaim agus caiteachais atá sna ráitis airgeadais i mblianta difriúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach ionchasacha do na blianta a bhfuiltear ag súil go ndéanfar na difríochtaí ama a fhreaschur bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dháta an Chláir Chomhardaithe. Ní dhéantar cáin iarchurtha a chur as an áireamh.

## DEONTAIS AGUS IASACHTAÍOCHTAÍ ÚSMHARA

Luaitear gach iasachtaíocht sa chéad dul síos ag an luach a measadh a bheith cothrom i ndiaidh gur baineadh ar shiúl na costais eisiúna. Baintear costais eisiúna, mar aon le costais mhaoinithe, den Chuntas Brabúis agus Caillteanais thar théarma na n-iasachtaíochtaí, agus is ionann iad agus cuid bhuan d'iarmhéid na n-aisíocaíochtaí caipitiúla gan íoc.

## BAINISTIÚ AN RIOSCA A BHAINEANN LE RÁTAÍ ÚIS

Baintear úsáid as babhtáil/caidhpeáil rátaí úis chun neamhchosaint an Chomhlachta ar athruithe ar rátaí úis a fhálú. Fabhraítear an méid is iníoctha nó is infhaighte maidir leis na huirlisí fálaithe seo ar an dóigh chéanna a ndéantar i gcás úis a bhaineann le hiasachtaíochtaí.

## DÍBHINNÍ

Aithnítear díbhinní sna ráitis airgeadais sa chás ina bhfuil siad faofa nó údaraithe mar is cuí ag na scairshealbhóirí agus nach bhfuil siad faoi rogha an Chomhlachta níos mó. Aithnítear díbhinní eatramhacha dearbhaithe ag na Stiúrthóirí nuair a íoctar iad.

## INFHEISTÍOCHT I GCOMHFHIONTAR

Luaitear an infheistíocht sa Chomhfhiontar mar chostas lúide na méideanna atá díluacháilte mar gheall ar bhearnú.

# 08 / CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

| | Nótaí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Láimhdeachas** | 2 | 65,318 | 69,111 |
| Costas díolachán | | (22,503) | (22,556) |
| **Brabús Comhlán** | | **42,815** | **46,555** |
| Riarachán agus caiteachas ginearálta | | (11,253) | (14,175) |
| | | 31,562 | 32,380 |
| Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin | 4 | (2,455) | (4,550) |
| **Brabús Oibriúcháin** | | **29,107** | **27,830** |
| Míreanna Eisceachtúla | 5 | 94 | 8,876 |
| **Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Ús agus Chánachas** | | **29,201** | **36,706** |
| Ús infhaighte | | 1,659 | 1,414 |
| Ús iníoctha | 6 | (1,805) | (2,352) |
| Costas eile airgeadais | 32 | (2,670) | (1,839) |
| **Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas** | 7 | **26,385** | **33,929** |
| Cánachas | 8 | (3,562) | (6,018) |
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | 22 | **22,823** | **27,911** |

D'eascair Láimhdeachas agus Brabús Oibriúcháin as gníomhaíochtaí leanúnacha amháin.

**Thar ceann an Bhoird**

**Lucy McCaffrey**

**Eamonn O'Reilly**

*26 Márta 2013*

# 09 / RÁITEAS AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

| | Nótaí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Brabús don Bhliain Airgeadais | | 22,823 | 27,911 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta as oibleagáidí i dtaca le sochair shainithe | **32** | (17,246) | 12,284 |
| Cáin iarchurtha maidir le (caillteanas)/gnóthachan achtúireach as oibleagáidí i dtaca le sochair shainithe | **19** | 2,156 | (1,535) |
| **Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta** | **22** | **7,733** | **38,660** |

# 10 / CLÁR COMHARDAITHE

*amhail 31 Nollaig 2012*

| | Nótaí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 10 | 279,577 | 275,257 |
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Comhfhiontar | 11 | 750 | 750 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Talamh faoi choinne forbartha | 12 | 1,246 | 1,246 |
| Stoic | 13 | 750 | 920 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 14 | 15,124 | 17,094 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 27 | 438 | 971 |
| Infheistíochtaí | 27 | 30,211 | 28,228 |
| | | 47,769 | 48,459 |
| **Creidiúnaithe –** Méideanna is dlite laistigh de bhliain amháin | 15 | (8,200) | (47,237) |
| **Sócmhainní Glana Reatha** | | 39,569 | 1,222 |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | 319,896 | 277,229 |
| **Creidiúnaithe –** Méideanna is dlite i ndiaidh bliain amháin | 16 | (34,777) | - |
| **Ioncam Iarchurtha** | 18 | (11,694) | (12,855) |
| **Soláthar do Dhliteanais** | 19 | (3,751) | (3,520) |
| **Sócmhainní Glana, (Dliteanas)/Sócmhainn as Sochair Shainithe Phinsin as an áireamh** | | 269,674 | 260,854 |
| **(Dliteanas)/Sócmhainn Mhaoinithe as Sochair Shainithe Phinsin** | 32 | (2,506) | 8,414 |
| **Dliteanas Neamh-mhaoinithe as Sochair Shainithe** | 32 | (1,417) | (1,050) |
| **Glansócmhainní, (Dliteanas)/Sócmhainn as Sochair Shainithe Phinsin san áireamh** | | 265,751 | 268,218 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal Glaoite | 20 | 14,464 | 14,464 |
| Cúlchiste Aistrithe Caipitil | 21 | 119 | 119 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 22 | 251,700 | 254,167 |
| Cúlchiste um Áthluacháil na Maoine Infheistíochta | 23 | (1,250) | (1,250) |
| Ranníocaíocht Chaipitiúil | 24 | 718 | 718 |
| **Cistí na Scairshealbhóirí** | 25 | 265,751 | 268,218 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Lucy McCaffrey**

**Eamonn O'Reilly**

*26 Márta 2013*

# 11 / RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

| | Nótaí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Réiteach an Bhrabúis Oibriúcháin le Glanairgead Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Brabús Oibriúcháin | | 29,107 | 27,830 |
| Amúchadh deontas caipitiúil | **18** | (501) | (568) |
| Muirir dhímheasa | **10** | 8,583 | 8,876 |
| Díscríobh sócmhainní seasta | **10** | 216 | - |
| Bearnú na hInfheistíochta Comhfhiontair | **11** | - | 4,550 |
| Laghdú/(Méadú) ar stoic | | 170 | (57) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | | 1,877 | 922 |
| Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe | | 1,123 | (156) |
| Athrú i dtaca le soláthar pinsin | | (7,016) | (5,327) |
| **Glanairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **33,559** | **36,070** |

| | Nótaí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim** | | | |
| Glanairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 33,559 | 36,070 |
| Fáltais as infheistíochtaí agus seirbhísiú maoinithe | **26** | 55 | (1,007) |
| Cánachas | | (3,187) | (4,513) |
| Caiteachas Caipitiúil agus infheistíocht chaipitiúil | **26** | (13,777) | 4,888 |
| Fáltais agus diúscairtí | **24** | - | 523 |
| | | 16,650 | 35,961 |
| Díbhinní a íocadh as Gnáthscaireanna | | (10,200) | (16,500) |
| | | 6,450 | 19,461 |
| Bainistiú acmhainní leachtacha | **27** | (1,983) | (19,177) |
| Maoiniú | **26** | (5,000) | - |
| **(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim agus ar luach comhionann airgid thirim** | | **(533)** | **284** |

| | Nótaí | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach Glansreabhadh Airgid Thirim le Gluaiseacht an Ghlanfhiachais** | | | |
| **(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim agus ar luach comhionann airgid thirim i rith na bliana** | **27** | (533) | 284 |
| **Airgead tirim in úsáid le hacmhainní leachtacha a mhéadú** | **27** | 1,983 | 19,177 |
| **Sreabhadh airgid thirim as Laghdú ar fhiachas** | **27** | 5,000 | - |
| **Athrú ar ghlanfhiachas** | | 6,450 | 19,461 |
| **Glanfhiachas oscailte** | **27** | (10,801) | (30,262) |
| **Glanfhiachas druidte** | **27** | **(4,351)** | **(10,801)** |

## 1. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS FAIGHTE LÁ DÍLSITHE

Faoi fhorálacha an Achta Cuanta, 1996, ghlac an Comhlacht chuige féin na feidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ag Bord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath ar 3 Márta 1997 ("Lá Dílsithe").

Shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am an costas don Chomhlacht ar na sócmhainní a fuarthas Lá Dílsithe. Ghlac an Comhlacht chuige féin dliteanais (pinsin agus deontais chaipitiúla san áireamh) ag na méideanna iarbhír nó ag na méideanna socraithe a bhain leo. Áirítear le dliteanais phinsin *(féach nóta 32)* na dliteanais sin a bhaineann le teidlíochtaí pinsin a bhí ann roimh Lá Dílsithe ag fostaithe an Chomhlachta agus ag na pinsinéirí reatha agus iarchurtha a bhain leis an aonán a tháinig roimh an gComhlacht, Bord Chalafort agus Dhúgaí Átha Cliath.

Aistríodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Píolótaíochta, a bunaíodh faoin Pilotage Act 1913, go Comhlacht Chalafort Átha Cliath trí oibriú an dlí i mí Iúil 1997, faoi Ordú 1997 (Tús Feidhme) (Uimh. 3) den Acht Cuanta, 1996.

Comhlíonadh an chomaoin as na glansócmhainní a aistríodh go dtí an Comhlacht trí 6.023 milliún gnáthscair de luach IR£1 (€1.27) a chruthú agus a eisiúint, gach ceann acu íoctha ina hiomlán. Tá gnáthscair amháin ag an Aire Airgeadais agus is ag an Aire Iompair atá an chuid eile amhail 31 Nollaig 2012.

## 2. LÁIMHDEACHAS

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **De réir rang gnó** | | |
| Dleachtanna calafoirt | 51,983 | 55,109 |
| Cíos | 11,285 | 11,765 |
| An Nasc Thoir *(féach nóta 3)* | 1,128 | 1,105 |
| Ceadúnais | 619 | 547 |
| Eile | 303 | 585 |
| | **65,318** | **69,111** |

## 3. AN NASC THOIR

Faoi chomhshocruithe dar dáta 16 Márta 1983 agus 24 Samhain 1983, an dara ceann acu sin mar chomaoin as cailleadh beartlann teoranta agus diúscairt tailte áirithe, bronnadh ar an mBord an ceart ar chuid den bhrabús a bhaineann leis an Scéim Dola go ceann 25 bliain ón dáta a glanadh ina n-iomlán na costais foirgníochta nó suas go dtí 31 Nollaig 2015, cibé acu is túisce. Is é an dáta cuí, mar sin, 31 Nollaig 2015.

## 4. MÍREANNA EISCEACHTÚLA OIBRIÚCHÁIN

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costais Iomarcaíochta | 2,455 | - |
| Bearnú na hInfheistíochta Comhfhiontair | - | 4,550 |
| | **2,455** | **4,550** |

Bheadh na costais iomarcaíochta thuasluaite san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais faoin gceannteideal Riarachán agus Caiteachas Ginearálta dá mba rud é nach le Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin a bhainfeadh siad mar gheall ar a méid nó ar tharlú faoi FRS 3 – "Feidhmíocht Airgeadais a Thuairisciú".

In 2011 tabhaíodh costais iomarcaíochta neamheisceachtúla €0.7m agus rangaíodh iad faoin gceannteideal Riarachán agus Caiteachas Ginearálta.

## 5. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Brabús Glan as Tailte faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a Dhiúscairt | - | 9,426 |
| Maoin Infheistíochta – Laghdú buan ar luach *(féach nóta 10)* | (505) | (550) |
| Brabús as Diúscairt na Sócmhainní Seasta | 599 | - |
| | **94** | **8,876** |

Rinne luachálaí neamhspleách Maoin Infheistíochta an Chomhlachta a luacháil de réir luach ar an mhargadh oscailte de réir an Ráitis ar Chleachtas Caighdeánta Cuntasaíochta (SSAP) 19 – "Cuntasaíocht i dtaca le Maoin Infheistíochta". €4.2m (2011: €4.7m) an luach a luaíodh leis an maoin ar an margadh oscailte amhail 31 Nollaig 2012 le hais an bhunchostais, €10.9m. Glacadh leis gur laghdú buan é an laghdú breise seo ar luach na maoine agus tá sé bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais. Glacadh leis gur laghdú buan é ar bhonn carnach €5.5m den laghdú €6.75m ar luach na maoine agus tá an méid sin bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais mar Mhír Eisceachtúil. Glactar leis gur laghdú sealadach é an €1.25m eile den laghdú ar luach na maoine agus tá sé áirithe i gCúlchiste Luachála na Maoine Infheistíochta *(féach nóta 23).*

## 6. ÚS INÍOCTHA

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Rótharraingt bhainc agus Iasachtaí | | |
| - iasachtaíochtaí atá in-aisíoctha ina n-iomlán taobh istigh de chúig bliana | (1,805) | (2,352) |

## 7. BRABÚS AS GNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁNACHAS

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Thánagthas ar Bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas i ndiaidh bainte/(creidiúnaithe): | | |
| Costais foirne | | |
| - pá agus tuarastail | 10,300 | 10,143 |
| - costais leasa shóisialaigh (PRSI) | 891 | 840 |
| - costais eile phinsin a bhaineann le Scéim na Sochar Sainithe (féach nóta 32) | (574) | 1,162 |
| - costais eile phinsin a bhaineann le Scéim na Ranníocaíochtaí Sainithe *(féach nóta 32)* | 131 | 146 |
| | **10,748** | **12,291** |
| Dímheas *(féach nóta 10)* | 8,557 | 8,876 |
| Íocaíochtaí iomarcaíochta *(féach nóta 4)* | 2,455 | 733 |
| Amúchadh deontas caipitiúil *(féach nóta 18)* | (501) | (568) |

**Luach saothair na n-iniúchóirí:**

Seo a leanas luach saothair don iniúchadh reachtúil agus do sheirbhísí eile a chuir iniúchóirí an Chomhlachta ar fáil:

| | | |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais | 42 | 44 |
| Seirbhísí eile dearbhúcháin | 31 | 11 |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | 85 | 96 |
| | **158** | **151** |

## 8. CÁNACHAS

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Muirear cánach reatha:** | **€'000** | **€'000** |
| Bunaithe ar bhrabúis as gníomhaíochtaí an Chalafoirt don bhliain: | | |
| Cáin Chorparáideach ag glanráta 12.5% (2011:12.5%) | (2,357) | (2,790) |
| Bunaithe ar bhrabúis nach mbaineann le gníomhaíochtaí an Chalafoirt | | |
| Cáin Chorparáideach ag glanráta 25% (2011:25%) | (692) | (853) |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil ag glanráta 25% | - | (2,003) |
| | **(3,049)** | **(5,646)** |
| Rósholáthar sa bhliain roimhe – Cáin Chorparáideach | 261 | 105 |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | **(2,788)** | **(5,541)** |
| **Muirear i dtaca le Cáin Iarchurtha:** | | |
| Difríochtaí ama i dtaca le Liúntais Chaipitiúla luathaithe | (230) | (390) |
| Difríochtaí ama idir ranníocaíochtaí pinsin a íocadh agus pinsin ar baineadh díobh | (543) | (436) |
| **Muirear i dtaca le Cáin Iarchurtha don bhliain** | (773) | (826) |
| Ró-/(Tearc-)sholáthar sa bhliain roimhe | (1) | 349 |
| | **(774)** | **(477)** |
| **Muirear iomlán cánach** | **(3,562)** | **(6,018)** |

## 8. CÁNACHAS - AR LEAN

Is lú (2011: b'airde) an muirear Cánach Corparáidí reatha don bhliain ná an muirear reatha cánach a bhainfeadh le cur i bhfeidhm an ráta chaighdeánta de Cháin Chorparáideach na hÉireann ar an mbrabús as gnáthghníomhaíochtaí. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Brabús as gnáthghníomhaíochta roimh cháin** | **26,385** | **33,929** |
| | | |
| Brabús as gnáthghníomhaíochtaí iolraithe ar an ráta meánach de Cháin Chorparáideach na hÉireann don bhliain de 12.5% (2011:12.5%) | (3,298) | (4,241) |
| | | |
| Na héifeachtaí a bhaineann le: | | |
| Costais nach bhfuil incheadaithe | (190) | (225) |
| Laghdú ar luach na Maoine Infheistíochta nach bhfuil in-aisbhainteach ó thaobh cánach | (63) | (69) |
| Bearnú luach na hInfheistíochta Chomhfhiontair nach bhfuil in-asbhainteach ó thaobh cánach | - | (569) |
| Brabús as diúscairt sócmhainní | 75 | 1,062 |
| Difríocht idir dímheas agus liúntais chaipitiúla | 230 | 389 |
| Ranníocaíochtaí pinsin atá níos mó ná muirear pinsin | 543 | 436 |
| Ioncam éighníomhach atá faoi dhliteanas cánach ag 25% | (346) | (426) |
| Leasú ar an muirear cánach i leith na bliana roimhe | 261 | 105 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | - | (2,003) |
| | | |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | **(2,788)** | **(5,541)** |

## 9. DÍBHINN ÍOCTHA

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Díbhinn eatramhach de €0.88 in aghaidh na scaire íoctha (2011: €1.43 in aghaidh na scaire) | (10,200) | (16,500) |

## 10. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | Talamh agus Foirgnimh | Críochfoirt | Déanmhais Dugaí, Dugaí Tirime agus Céanna | Soithigh ar snámh | Crainn Taca | Fearas agus Innealra | Maoin Infheistíochta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2012 | 68,327 | 206,137 | 61,302 | 22,863 | 3,789 | 15,588 | 4,700 | 382,706 |
| Curtha leis i rith na bliana | 5,663 | 4,055 | 3,053 | 75 | 11 | 3,479 | - | 16,336 |
| Díscríobh | - | - | (242) | - | - | - | - | (242) |
| Athluacháil na Maoine Infheistíochta | - | - | - | - | - | - | (505) | (505) |
| Diúscairtí | - | - | - | (6,379) | - | (39) | - | (6,418) |
| **Amhail 31 Nollaig 2012** | **73,990** | **210,192** | **64,113** | **16,559** | **3,800** | **19,028** | **4,195** | **391,877** |
| **Dímheas Carnach** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2012 | 9,732 | 63,601 | 17,209 | 5,081 | 3,093 | 8,733 | - | 107,449 |
| Muirear don bhliain | 1,111 | 3,848 | 1,888 | 549 | 101 | 1,086 | - | 8,583 |
| Díscríobh | - | - | (26) | - | - | - | - | (26) |
| Diúscairtí | - | - | - | (3,693) | - | (13) | - | (3,706) |
| **Amhail 31 Nollaig 2012** | **10,843** | **67,449** | **19,071** | **1,937** | **3,194** | **9,806** | **-** | **112,300** |
| **Glanmhéideanna ar na Leabhair** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2012 | 58,595 | 142,536 | 44,093 | 17,782 | 696 | 6,855 | 4,700 | 275,257 |
| **Amhail 31 Nollaig 2012** | **63,147** | **142,743** | **45,042** | **14,622** | **606** | **9,222** | **4,195** | **279,577** |

Shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am an costas ar an gComhlacht as na sócmhainní a fuarthas Lá Dílsithe, 3 Márta 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 mar chomaoin ar scaireanna a eisíodh.

€10.95m bunchostas na Maoine Infheistíochta.

## 10. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE - AR LEAN

Rinne Savills maoin infheistíochta an Chomhlachta a luacháil go neamhspleách amhail 31 Nollaig 2012 ag an luach a bhainfeadh leis ar an margadh oscailte, €4.2m. Léirigh an luacháil tuairim an luachálaí maidir leis an luach margaidh ar 31 Nollaig 2012 agus rinneadh í de réir riachtanas na gCaighdeán Luachála agus Measúnaithe (6ú hEagrán) arna n-eisiúint faoi choimirce Chumann na Suirbhéirí Cairte. Thug an luachálaí le fios go mbíonn luachanna faoi réir athruithe mar gheall ar leasuithe margaidh agus fachtóirí eile agus go bhféadfadh luachanna a bheith níos airde nó níos ísle sa todhchaí ná mar a bhí dáta na luachála.

Is iad na príomhrioscaí atá roimh an gComhlacht maidir le luach na maoine infheistíochta an cúlú leanúnach i margadh maoine na hÉireann mar aon leis an achar ama a ghlacfaidh sé chun an rósholáthar sa mhargadh Éireannach a réiteach, agus na praghsanna ar a dhíolfar maoin san am sin. Is féidir go mbeidh tamall maith ann sula dtarlóidh sé sin. Idir an dá linn, d'fhéadfadh na luachanna titim sula dtiocfaidh siad aníos arís.

€10.95m bunchostas na maoine infheistíochta.  Agus iarracht á déanamh a shocrú cé acu atá an laghdú ar an luach go €4.2m buan nó sealadach, thóg an Comhlacht san áireamh an áit ar leith ina bhfuil an mhaoin suite agus nádúr fadtéarmach na sócmhainne atá i gceist. Thóg sé san áireamh freisin nach bhfuil aon cheangal air an mhaoin a dhíol sa ghearrthéarma agus conas ar éirigh leis an maoin go fadtéarmach le 25 bliain roimhe sin. Bunaithe ar an tuiscint sin, glactar leis gur €5.4m "croíluach" na maoine agus táthar ag súil go mbainfear an leibhéal sin amach arís le himeacht ama.  Dá réir sin, glactar leis gur laghdú sealadach é an titim €1.25m faoin méid sin agus tá sé á choinneáil go fóill i gCúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta. Glactar leis gur titim bhuan atá sa chuid eile, €5.5m, agus tá an méid sin bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

De réir SSAP 19, níl aon dímheas soláthraithe i dtaca leis an maoin infheistíochta. Is í tuairim na Stiúrthóirí gur gá gan na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009 i dtaca le gach maoin a dhímheas a chomhlíonadh má táthar le léargas cruinn cothrom a thabhairt de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, mar tá an mhaoin infheistíochta luaite sna ráitis airgeadais ag an luach a bhaineann léi sa mhargadh oscailte.

Léirítear éifeacht an dímheasa cheana féin go bliantúil agus an mhaoin á luacháil, agus ní féidir, go réasúnta, an méid a bhaineann leis an ngné seo atá tógtha san áireamh ag lucht na luachála a aithint ná a chainníochtú ann féin. Dá mba rud é go ndearnadh de réir fhorálacha na nAchtanna, ní bheadh aon tionchar ar na glansócmhainní, ach bheadh na brabúis ioncaim laghdaithe lena aghaidh seo.

## 11. INFHEISTÍOCHT I GCOMHFHIONTAR

In 2002, bhunaigh an Comhlacht Comhlacht Comhfhiontair, Renore Teo., ar bhonn 50/50 i gcomhar le One51 plc. Tá oifig chláraithe Renore Teo. lonnaithe in Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1. Bunaíodh an Comhfhiontar seo chun grúpa Comhlachtaí Chalafort an Ghrianfoirt a cheannach. Oibríochtaí calafoirt an gnó atá aige. Cuireadh an ceannach i gcrích i mí Aibreáin 2002 agus chosain sé €7.25m ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath. Is gnáthscaireanna iad na scaireanna atá ag an gComhlacht.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Scaireanna ar a gcostas | 7,250 | 7,250 |
| Iasacht | 1,550 | 1,550 |
| Infheistíocht i gComhfhiontar | **8,800** | **8,800** |
| Méideanna díscríofa mar mhéideanna bearnaithe | (8,050) | (8,050) |
| **Glanluach amhail 31 Nollaig 2012** | **750** | **750** |

Is iasacht neamhúsmhar an iasacht seo agus níl aon dáta seasta ann a gcaithfear a haisíoc.

Rinneadh luach anonn infheistíocht an Chomhlachta sa Chomhfhiontar a dhíluacháil ó €8.8m go €0.75m. Baineadh an bearnú seo den Chuntas Brabúis agus Caillteanais in 2010 agus in 2011 mar Mhír Eisceachtúil Oibriúcháin.

Bhí méid inghnóthaithe na hinfheistíochta sa gComhfhiontar Renore bunaithe ar ríomh an luach úsáide. Bhí na réamhinsintí i dtaca le sreabhadh airgid thirim le haghaidh na ríomhuithe seo bunaithe ar mhúnla cúig bliana maidir le sreabhadh airgid agus rinneadh an críochluach a ríomh ar bhealach oiriúnach. Bhí na réamhinsintí maidir le sreabhadh airgid díortha ó mheascán d'fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha a bhí bunaithe ar ar tharla san am a chuaigh thart agus tugadh san áireamh an méid ionchasach a thiocfaidh trí Chalafort an Ghrianfoirt. Cuireadh i bhfeidhm ansin ráta fáis fhadtéarmaigh, 1%, agus an críochluach á ríomh. Rinneadh an sreabhadh airgid a lascainiú, na réamhinsintí i dtaca le críochluach san áireamh, de réir ráta lascaine 9.75%, rud a léiríonn na rioscaí a bhaineann le sreabhadh airgid sa todhchaí mar aon leis an ráta saor ó riosca de réir na n-innéacsanna seachtracha cuí. Níl aon ionchas suntasach fáis ag baint le Calafort an Ghrianfoirt sna blianta beaga atá romhainn.

Mar chuid de na ríomhuithe seo is gá meastúcháin a dhéanamh, próiseas atá bunaithe ar bhreithiúnas an duine agus ar dócha go dtiocfaidh athrú orthu ó thréimhse go tréimhse mar bíonn ar an gComhlacht boinn tuisceana a shocrú maidir leis an todhchaí, ina measc boinn tuisceana faoi leibhéal na trádála a rachaidh tríd an gCalafort sa todhchaí, faoi ioncam ó chíos, faoi chostais dhóchúla agus faoi ráta oiriúnach lascaine.

## 11. INFHEISTÍOCHT I GCOMHFHIONTAR - AR LEAN

In 2012, rinne an Comhlacht "iarbhreithniú" de réir FRS 11 ar na ríomhuithe bearnúcháin a bhí in úsáid agus tuigeadh dó nach raibh bearnú eile arís ann bunaithe ar na réamhinsintí a rinneadh ag an am.

De réir FRS 9 "Comhpháirtithe agus Comhfhiontair", léirítear sa nochtú seo thíos, ar bhonn pro-forma, sciar an Chomhlachta de na méideanna atá luaite sna ráitis airgeadais dréachta neamhiniúchta maidir le Renore Teo. don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012. Níl soláthar ar bith faoi choinne bearnúcháin i ráitis airgeadais neamhiniúchta Renore Teo.

| | | Eolas Pro-forma | |
|---|---|---|---|
| | **Comhlacht** | **Comh-fhiontar (Neamh-iniúchta)** | **Iomlán** |
| | | **€'000** | |
| | | **€'000** | **€'000** |
| **Láimhdeachas** | **65,318** | **1,871** | **67,189** |
| Costas díolachán | (22,503) | | |
| **Brabús Comhlán** | **42,815** | | |
| Riarachán agus caiteachas ginearálta | (11,253) | | |
| | **31,562** | | |
| Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin | (2,455) | | |
| **Brabús Oibriúcháin** | **29,107** | **66** | **29,173** |
| Míreanna Eisceachtúla | 94 | - | 94 |
| **Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Ús agus Chánachas** | **29,201** | **66** | **29,267** |
| Glanchostas maoinithe | (2,816) | (47) | (2,863) |
| **Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas** | **26,385** | **19** | **26,404** |
| Cánachas | (3,562) | (16) | (3,578) |
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | **22,823** | **3** | **22,826** |

## 11. INFHEISTÍOCHT I GCOMHFHIONTAR - AR LEAN

| | Comhlacht | Eolas Pro-forma Comhlacht, comhfhiontar san áireamh (neamh-iniúchta) |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | **279,577** | **279,577** |
| **Infheistíochtaí:** | | |
| Comhlacht: | 750 | - |
| Comhfhiontar: | | |
| Sciar de na sócmhainní comhlána | - | 6,118 |
| Sciar de na dliteanais chomhlána | - | (2,100) |
| | **280,327** | **283,595** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Talamh le haghaidh forbartha | 1,246 | 1,246 |
| Stoic | 750 | 750 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 15,124 | 15,124 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 438 | 438 |
| Infheistíochtaí | 30,211 | 30,211 |
| | **47,769** | **47,769** |
| **Creidiúnaithe – Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin** | **(8,200)** | **(8,200)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **39,569** | **39,569** |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | **319,896** | **323,164** |
| **Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | **(34,777)** | **(34,777)** |
| **Ioncam Iarchurtha** | **(11,694)** | **(11,694)** |
| **Soláthar do Dhliteanais** | **(3,751)** | **(3,751)** |
| **Glansócmhainní, Dliteanas um Pinsin le Sochair Shainithe as an áireamh** | **269,674** | **272,942** |
| **Dliteanas Maoinithe um Pinsin le Sochair Shainithe** | **(2,506)** | **(2,506)** |
| **Dliteanas Neamh-mhaoinithe um Pinsin le Sochair Shainithe** | **(1,417)** | **(1,417)** |
| **Glansócmhainní, Dliteanais um Pinsin le Sochair Shainithe san áireamh** | **265,751** | **269,019** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 14,464 | - |
| Cúlchiste Comhshó Chaipitiúil | 119 | - |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 251,700 | - |
| Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta | (1,250) | - |
| Ranníocaíocht Chaipitiúil | 718 | - |
| **Ciste na Scairshealbhóirí** | **265,751** | - |

## 12. TALAMH LE HAGHAIDH FORBARTHA

Rinne an Comhlacht Comhshocrú Forbartha, dar dáta 6 Iúil 1999, le Earlsfort East Point agus Eastpoint (Development) Two Ltd. ("an Forbróir") le aghaidh forbartha comhdhéanta de thart ar 14 acra talún in aice le Céim I d'Fhorbairt Pháirc Gnó an Phointe Thoir.

Amhail 31 Nollaig 2012, tá €1.246m go fóill gan íoc i dtaca leis an trí láithreán talún deiridh (comhdhéanta de thart ar 6 acra talún) atá faoi réir an chomhshocraithe seo. Cé go bhfuil na tailte seo forbartha ina n-iomlán, de réir théarmaí an chonartha idir an Comhlacht agus an Forbróir, táthar ag fanacht go dtí go ndéanfar an talamh forbartha a dhiúscairt ar fad le díol an talaimh leis an bhForbróir a chur i gcrích. Ní fios go fóill cén uair a tharlóidh sé sin mar gheall ar dhálaí mhargadh maoine tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil glanluach an talaimh seo go hiomlán inghnóthaithe amhail 31 Nollaig 2012.

Mar aon le comaoin as an talamh a dhíoltar, tá an Comhlacht i dteideal cuid den ghlanbhrabús réadaithe bunaithe ar dhíol na maoine forbartha ag Eastpoint (Development) Two Ltd. Aithneofar na brabúis sin sna ráitis airgeadais nuair a bheidh siad réadaithe ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath. Ní bhfuarthas aon leithdháileadh brabúis i rith na bliana (2011: TORADH NIALASACH).

## 13. STOIC

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| | **750** | **920** |

Áirítear le stoic míreanna intomhalta, páirteanna breise agus stórais a bhíonn in úsáid le fearas a chothabháil. Ní raibh aon difear ábhartha ann idir an costas a bhain le stoic nua a fháil in áit na seancheann agus an méid atá luaite thuas.

## 14. FÉICHIÚNAITHE – Méideanna dlite laistigh de bhliain amháinr

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Féichiúnaithe Trádála | 13,083 | 14,835 |
| CBL | 121 | 84 |
| Cáin Chorparáideach | 88 | - |
| Ró-íoc ranníocaíochtaí is infhaighte ón scéim pinsin | 980 | 1,059 |
| Eile | 852 | 1,116 |
| | **15,124** | **17,094** |

## 15. CREIDIÚNAITHE – Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe | 7,291 | 5,917 |
| Ioncam iarchurtha *(féach nóta 18)* | 501 | 502 |
| Cáin Chorporáideach | - | 314 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Proifisiúnta/Cáin Chonarthaí Cuí | 19 | 102 |
| Cáin ioncaim bainte ar shiúl faoi PAYE | 302 | 290 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 87 | 181 |
| Iasachtaí Bainc *(féach nóta 17)* | - | 39,931 |
| | **8,200** | **47,237** |
| Creidiúnaithe le haghaidh cánachais agus leasa shóisialaigh atá áirithe thuas | **408** | **887** |

## 16. CREIDIÚNAITHE – Méideanna dlite i ndiaidh bliana

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí Bainc *(féach nóta 17)* | **34,777** | **-** |

## 17. IASACHTAÍ BAINC

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí Bainc | 34,777 | 39,931 |
| | **34,777** | **39,931** |
| Tá na hiasachtaí seo in-aisíoctha laistigh de na tréimhsí seo a leanas i ndiaidh dheireadh na bliana: | - | - |
| Laistigh de bhliain amháin | - | 39,931 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 34,777 | - |
| | 34,777 | - |
| | **34,777** | **39,931** |

Léirítear Iasachtaí Bainc glan ó chostais eisiúna fiachais chaipitlithe €223k (2011: €69k) atá á n-amúchadh thar thréimhse an fhiachais.

Tá saoráid iasachtaíochta ag an gComhlacht le Banc na hÉireann ar fiú €50m í. Tá sí comhdhéanta de shaoráid iasachta téarma de €35m agus saoráid chreidiúnaithe imrothlaigh de €15m. Téarma cúig bliana atá i gceist leis an tsaoráid seo agus tá sé le híoc ar ais i mí Aibreáin 2017. Tarraingíodh anuas €35m den tsaoráid ag deireadh na bliana.

## 18. IONCAM IARCHURTHA

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Deontais chaipitiúla agus ranníocaíochtaí le sócmhainní seasta** | | |
| Iarmhéid Oscailte | 13,357 | 13,925 |
| Amúchta go dtí an Cuntas Brabúis agus Caillteanais i rith na bliana | (501) | (568) |
| Díluacháil | (661) | - |
| **Iarmhéid Druidte** | **12,195** | **13,357** |
| Creidiúnaithe – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin *(féach nóta 15)* | 501 | 502 |
| Ioncam Iarchurtha | 11,694 | 12,855 |
| | **12,195** | **13,357** |

## 19. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS

| **Sócmhainní agus Dliteanais Chánach Iarchurtha** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Cáin Iarchurtha i dtaca le Liúntais Chaipitiúla luathaithe | (3,751) | (3,520) |
| **Dliteanas Iarchurtha Cánach, an chuid sin a bhaineann le dliteanas na scéime pinsin as an áireamh** | **(3,751)** | **(3,520)** |
| Cáin iarchurtha maidir le dliteanas/(sócmhainn) na scéime pinsin (féach thíos) | 561 | (1,052) |
| **Soláthar iomlán le haghaidh cáin iarchurtha** | **(3,190)** | **(4,572)** |

| **Gluaiseacht Sócmhainní agus Dliteanas Cánach Iarchurtha** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Brabús Oscailte | | (3,520) |
| Aistriú go Brabús agus Caillteanas *(féach nóta 8)* | | |
| I dtaca le Liúntais Chaipitiúla luathaithe | (230) | |
| Tearcsholáthar sa bhliain roimhe | (1) | (231) |
| **Iarmhéid Druidte** | | **(3,751)** |

**Sócmhainn/(Dliteanas) Cánach Iarchurtha i dtaca le (Dliteanas)/Sócmhainn na scéime pinsin** *(féach nóta 32)*

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Iarmhéid Oscailte | **(1,052)** | **753** |
| Aistriú go Brabús agus Caillteanas (féach nóta 8) | (543) | (436) |
| Aistriú ón/(go dtí an) Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta | 2,156 | (1,535) |
| Fáltais *(féach nóta 24)* | - | 166 |
| **Iarmhéid Druidte** | **561** | **(1,052)** |

Tá an tSócmhainn Chánach Iarchurtha dá dtagraítear thuas san áireamh in Iarmhéid na nDliteanas Pinsin ar an gClár Comhardaithe.

## 20. SCAIRCHAIPITEAL

| | No. ('000) | €'000 |
|---|---|---|
| Údaraithe – 96.5m gnáthscair ar phraghas €1.25 an ceann amhail 31 Nollaig 2012 agus 2011 | **96,500** | **120,625** |
| Cionroinnte agus íoctha ina n-iomlán amhail 31 Nollaig 2012 agus 2011 | **11,571** | **14,464** |

## 21. CÚLCHISTE COMHSHÓ CHAIPITIÚIL

Rinneadh gnáthscaireanna an Chomhlachta a athainmniú ó €1.269738 an ceann go €1.25 an ceann in 2001 agus aistríodh an méid ar ar laghdaíodh scairchaipiteal eisithe an Chomhlachta go ciste ar a dtugtar an Cúlchiste Comhshó Chaipitiúil.

## 22. CÚLCHISTE BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

| | 2012<br>€'000 | 2011<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid Oscailte** | **254,167** | **232,007** |
| Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta | 7,733 | 38,660 |
| Díbhinní a íocadh *(féach nóta 9)* | (10,200) | (16,500) |
| (Laghdú)/méadú ar chuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain | (2,467) | 22,160 |
| **Iarmhéid Druidte** | **251,700** | **254,167** |

## 23. CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA NA MAOINE INFHEISTÍOCHTA

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Iarmhéid Oscailte** | **(1,250)** | **(1,250)** |
| Athluacháil na Maoine Infheistíochta (féach nóta 10) | (505) | (550) |
| Athluacháil ar meastar é a bheith buan (féach nóta 5) | 505 | 550 |
| Méid iomlán aistrithe go dtí/(ón) Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta | - | - |
| **Iarmhéid Druidte** | **(1,250)** | **(1,250)** |

Tá athluacháil déanta ar an Maoin Infheistíochta de réir SSAP 19 agus tá an t-easnamh a d'eascair as an athluacháil sin aistrithe go dtí Cúlchiste Athluachála na Maoine Infheistíochta; táthar ag súil gur easnamh sealadach a bheidh ann.  Tá an chuid sin den easnamh atá faoin mbunchostas agus a bhfuiltear ag súil gur easnamh buan é aitheanta sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

## 24. RANNÍOCAÍOCHT CHAIPITIÚIL

Ar 12 Iúil 2011, faoi mar atá ceadaithe de réir na nAchtanna Cuanta, 1996 go 2009, d'ordaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt feidhmeanna Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan a aistriú go dtí an Comhlacht.  Tá na sócmhainní agus na dliteanais ar ghlac an Comhlacht leo mar thoradh ar Ordú an Aire taifeadta mar a luachanna córa amhail an dáta sin.  Tá an méid céanna aitheanta mar Ranníocaíocht Chaipitiúil i gCistí Scairshealbhóirí, rud a léiríonn go n-amharctar ar na sócmhainní agus na dliteanais a glacadh mar ranníocaíocht ó phíomh-scairshealbhóir an Chomhlachta.

Tá luachanna leabhair na sócmhainní agus na ndliteanas ar ghlac an Comhlacht leo leagtha amach thíos mar aon leis na coigeartuithe ar luachanna córa a rinne an Comhlacht an dáta ar ghlac siad leo:

| | Luachanna leabhair i gComhlacht Chalafort Dhún Dealgan | Coigeartuithe ar luachanna córa | Luach cóir glactha ag an gComhlacht |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 5,329 | (3,734) | 1,595 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 80 | | 80 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 523 | | 523 |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | (215) | | (215) |
| Iasachtaí bainc | (101) | | (101) |
| Dliteanas um shochair shainithe | (1,500) | 336 | (1,164) |
| | **4,116** | **(3,398)** | **718** |

## 24. RANNÍOCAÍOCHT CHAIPITIÚIL - AR LEAN

Baineann na coigeartuithe ar luachanna córa shócmhainní inláimhsithe le coigeartuithe athluachála d'fhonn na sócmhainní seo a lua de réir a luachanna córa amhail an dáta ar glacadh leo agus, den chuid is mó, is léiriú iad ar na coigeartuithe ar luach na gcéanna agus na gclós, trádstórais agus oifig riaracháin.

Bhí ríomh an choigeartaithe ar an dliteanas um shochair shainithe bunaithe ar chomhairle ó achtúire cáilithe. Tá an luach tráth a glacadh leis an dliteanas, €1.164m, glan ar an tsócmhainn ghaolmhar iarchurtha chánach ar fiú €166k é.

Níl luach ar bith aitheanta amhail dáta an ghlactha maidir leis na caillteanais chánach i gComhlacht Chalafort Dhún Dealgan, €2.0m (luach cánach, €0.3m), mar níltear cinnte an bhfuil siad ar fáil le húsáid ag an gComhlacht.

Tá an láimhdeachas agus an toradh oibriúcháin inchurtha i leith oibríochtaí Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan sa tréimhse roimh ghlacadh ag an gComhlacht agus ina dhiaidh go hiomlán neamhábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais seo.

## 25. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I GCISTE NA SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | **22,823** | **27,911** |
| Díbhinn a íocadh *(féach nóta 9)* | (10,200) | (16,500) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta i dtaca leis an scéim pinsin | (17,246) | 12,284 |
| Cáin Iarchurtha i dtaca le (caillteanas)/gnóthachan achtúireach | 2,156 | (1,535) |
| Ranníocaíocht Chaipitiúil | - | 718 |
| (Laghdú)/méadú glan ar Chiste na Scairshealbhóirí | (2,467) | 22,878 |
| Ciste Oscailte na Scairshealbhóirí | 268,218 | 245,340 |
| **Ciste Druidte na Scairshealbhóirí** | **265,751** | **268,218** |

## 26. SREABHADH COMHLÁN AIRGID THIRIM

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Fáltas ó infheistíochtaí agus sheirbhísiú airgeadaithe** | | |
| Ús faighte | 1,738 | 1,149 |
| Ús agus muirir dá shamhail íoctha | (1,683) | (2,156) |
| **Sreabhadh glan airgid thirim isteach/(amach) bunaithe ar fháltas ó infheistíochtaí agus sheirbhísiú airgeadaithe** | **55** | **(1,007)** |
| **Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | (16,336) | (4,353) |
| Admhálacha ó dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | 2,559 | 9,241 |
| **Sreabhadh glan airgid thirim amach/(isteach) bunaithe ar chaiteachas caipitiúil** | **(13,777)** | **4,888** |
| **Bainistiú acmhainní leachtacha** | | |
| Méadú ar airgead tirim i dtaisce | **1,983** | **19,177** |
| **Airgeadú** | | |
| Admhálacha ó iasachtaíochtaí meántéarmacha | 70,000 | 20,000 |
| Aisíoc méideanna a fuarthas ar iasacht | (75,000) | (20,000) |
| | **(5,000)** | **-** |

## 27. ANAILÍS AR ATHRUITHE AR GHLANFHIACHAS

| | 1 Eanáir 2012 | Sreabhadh Airgid Thirim | Athruithe nach mbaineann le hAirgead Tirim | 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Airgead tirim glan sa bhanc agus ar láimh | 971 | (533) | - | 438 |
| Fiachas dlite laistigh de bhliain amháin | (40,000) | 5,000 | 35,000 | - |
| Fiachas dlite i ndiaidh bliana | - | - | (35,000) | (35,000) |
| Infheistíochtaí reatha sócmhainní | 28,228 | 1,983 | - | 30,211 |
| **Iomlán** | **(10,801)** | **6,450** | **-** | **(4,351)** |

## 28. GEALLTANAIS

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Caiteachas caipitiúil sa todhchaí nach bhfuil soláthar déanta lena aghaidh** | | |
| Conradh déanta ina leith | 13,475 | 4,014 |
| Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan conradh a bheith déanta ina leith | 1,950 | 1,950 |
| | **15,425** | **5,964** |

**Díorthaigh airgeadais**

De réir pholasaí an Chomhlachta maidir le fálú, tá neamhchosaint iasachtaíochtaí an Chomhlachta ar rátaí úis sa tréimhse cúig bliana atá amach romhainn maolaithe trí chonarthaí babhtála úis agus caidhpeála úis. Seo a leanas príomh-mhéid na gconarthaí sin amhail 31 Nollaig 2012 agus 2011:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Méid ainmniúil | 30,000 | 36,000 |

Ba é (€0.3m) (2011: íosluach) luach cóir an chonradh babhtála úis dá dtagraítear thuas amhail 31 Nollaig 2012 mar thoradh ar rátaí ionchasacha margaidh suas go dtí éag an chomhaontaithe i mí Mhárta 2017.

## 29. LUACH SAOTHAIR STIÚRTHÓIRÍ

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Luach saothair | | |
| - táillí as seirbhísí ina ról mar Stiúrthóirí | 99 | 102 |
| - luach saothair as seirbhísí eile | 377 | 382 |
| - ranníocaíochtaí pinsin | 118 | 106 |
| | 594 | 590 |
| Sochar pinsin don Phríomhfheidhmeannach as seirbhísí san am a chuaigh thart | - | 70 |
| | **594** | **660** |

Áirítear sa chuid thuas pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh atá comhdhéanta de na gnéithe a leanas:

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Táillí Stiúrthóra | 15 | 11 |
| Tuarastal | 185 | 185 |
| Sochair eile lena n-áirítear Costais Phinsin agus Sochair Inchánach | 85 | 89 |
| | **285** | **285** |

| **Táillí na Stiúrthóirí** | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| L McCaffrey | 21,600 | 21,600 |
| E O'Reilly | 14,654 | 10,546 |
| E Finnan | 12,600 | 10,753 |
| B W Kerr (deireadh lena théarma oifige ar 12 Meitheamh 2012) | 5,646 | 12,600 |
| J Kiersey (deireadh lena théarma oifige ar 12 Meitheamh 2012) | 5,646 | 12,600 |
| P Magner | 11,167 | 12,600 |
| J Moore * | 11,116 | 10,546 |
| C Rochfort * (deireadh lena théarma oifige ar 18 Meán Fómhair 2012) | 11,116 | 10,546 |
| H Collins (ceaptha 27 Iúil 2012) | 5,454 | - |
| | **98,999** | **101,791** |

*Chomh maith le táillí na Stiúrthóirí, íocadh J Moore agus C Rochfort mar fhostaithe de chuid Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.

## 30. FOSTAITHE

145 líon meánach na ndaoine a bhí fostaithe ag an gComhlacht le linn na bliana (2011: 145).

## 31. BEARTA PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Mar atá luaite i nóta 1, bhí gnáthscair amháin á coinneáil ag an Aire Airgeadais agus bhí an chuid eile á coinneáil ag an Aire Iompair amhail 31 Nollaig 2012.

Mar a dhéanann cuid mhór aonán eile agus mar ghnáthchúrsa a chuid gnó, bíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag plé le haonáin rialtais agus le comhlachtaí eile atá faoi úinéireacht an stáit de réir gnáth-théarmaí tráchtála. Ní mheastar ceann ar bith acu a bheith ábhartha ó thaobh nochtaithe de.

Bhí airgead i dtaisce ag an gComhlacht i mBainc-Aontas na hÉireann (AIB) tráthanna éagsúla le linn na bliana agus ghnóthaigh sé ús €0.3m. Ag deireadh na bliana bhí iarmhéideanna taisce amuigh, €13.1m, le AIB. Bhí airgead i dtaisce ag an gComhlacht in EBS freisin tráthanna éagsúla le linn na bliana agus ghnóthaigh sé ús €0.6m. Ag deireadh na bliana bhí iarmhéideanna taisce amuigh le EBS, €6.0m. Rinneadh páirtithe gaolmhara de Bhainc-Aontas na hÉireann agus EBS i ndiaidh don stát iad a ghlacadh faoina úinéireacht féin.

Meastar Banc na hÉireann a bheith ina pháirtí gaolmhar mar gheall ar rannpháirtíocht an Bhainc i scéim Ráthaithe an Rialtais agus infheistíocht Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean i stoc tosaíochta 2009 an Bhainc. Bhí iasachtaíochtaí €35.0m ag an gComhlacht le Banc na hÉireann ag deireadh na bliana. Bhí taiscí ag an gComhlacht chomh maith i mBanc na hÉireann tráthanna éagsúla le linn na bliana agus ghnóthaigh sé ús €0.1m. Ag deireadh na bliana, bhí iarmhéideanna taisce €1.0m ag an gComhlacht.

Ní dhearna aon chomhalta Boird atá mar pháirtí gaolmhar ná aon duine den phríomhfhoireann bainistíochta aon bheart ábhartha leis an gComhlacht le linn na bliana.

Mar atá ráite i nóta 14, tá €1.0m (2011: €1.1m) ag dul don Chomhlacht ó chistí pinsin an Chomhlachta mar gheall ar ró-ranníocaíochtaí sa bhliain reatha.

## 32. PINSIN

Tá ceithre scéim pinsin le sochair shainithe ag an gComhlacht mar aon le scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe. Druideadh na scéimeanna le sochair shainithe ar 1 Eanáir 2005 i leith iontrálaithe nua.

### Scéim na Ranníocaíochtaí Sainithe

Is baill de scéim na ranníocaíochtaí sainithe iad fostaithe a tháinig isteach sa Chomhlacht i ndiaidh 1 Eanáir 2005. Íocann na baill agus an Comhlacht araon ranníocaíochtaí ag ráta seasta. Chuir an Comhlacht €131k (2011:€146k) isteach i scéim na ranníocaíochtaí sainithe i gcaitheamh na bliana agus baineadh an méid sin den Chuntas Brabúis agus Caillteanais. Is é Irish Pensions Trust Limited, Comhlacht neamhspleách, gairmiúil iontaobhaí, an t-aon iontaobhaí ar scéim na ranníocaíochtaí sainithe.

## 32. PINSIN - AR LEAN

**Scéimeanna le Sochair Shainithe**

a) Tá ceithre scéim pinsin le sochair shainithe ag an gComhlacht bunaithe ar thuarastail deiridh inphinsin na bhfostaithe atá i dteideal a leithéid; áirítear leo fostaithe agus iarfhostaithe Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan agus an aonáin a bhí ann roimh an gComhlacht, Bord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath.

Faoi fhorálacha an Achta Cuanta, 1996 tá an Comhlacht freagrach as maoiniú a chur ar fáil le teidlíochtaí pinsin a íoc (lena n-áirítear na teidlíochtaí a bhaineann le seirbhís a tugadh roimh Lá Dílsithe do Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath) le:

i. gach fostaí incháilithe reatha de chuid an Chomhlachta;

ii. gach pinsinéir incháilithe reatha agus iarchurtha de chuid Bhord Chalafort agus Dhugaí Átha Cliath;

iii. hiarfhostaithe incháilithe de chuid an Chomhlachta atá, san am i láthair, nó a bheidh amach anseo, ó bhí Lá Dílsithe ann ina bpinsinéirí reatha nó ina bpinsinéirí iarchurtha de chuid an Chomhlachta;

iv. céilí agus páistí incháilithe fostaithe nó iarfhostaithe incháilithe

Tá scéimeanna ar leith, riartha ag iontaobhaithe, bunaithe chun na críche sin.

Bhí an toghchán ba dheireanaí le haghaidh iontaobhaithe comhalta ann 25 Samhain 2011 i gcás ceann amháin de na scéimeanna, agus rinne an Bord ceapachán ceathrar iarrthóirí a dhaingniú ag an gcruinniú a bhí acu 15 Nollaig 2011. Chomh maith leis an gceathrar iontaobhaithe comhalta, cheap an Comhlacht ceathrar iontaobhaithe eile. Is é Irish Pensions Trust Limited, Comhlacht neamhspleách, gairmiúil iontaobhaí, an t-aon iontaobhaí ar an scéim eile.

Bunaíodh scéim fhoirmiúil le linn na bliana maidir leis an bPríomhfheidhmeannach darb ainm "Scéim Sochar Scoir Phríomhfheidhmeannach Chomhlacht Chalafort Átha Cliath".

Tá scéim fhoirmiúil riartha ag iontaobhaí á bunú faoi láthair i gcás ceann amháin de na scéimeanna maidir le hiarfhostaithe Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan. Mar sin, tá an scéim neamh-mhaoinithe agus níl sócmhainní ar bith aici amhail 31 Nollaig 2012 agus íoctar pinsin go díreach as acmhainní an Chomhlachta. Tá an oibleagáid dliteanais i leith na ndliteanas seo um pinsin le sochair shainithe san áireamh ar Chlár Comhardaithe an Chomhlachta de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17.

## 32. PINSIN - AR LEAN

**b) Luacháil Achtúireach**

Déantar riocht maoinithe na scéimeanna le sochair shainithe a mheasúnú de réir chomhlairle achtúirí neamhspleácha. Déantar measúnú foirmiúil ar an riocht maoinithe gach tríú bliain. Ullmhaíodh na tuairiscí is deireanaí i dtaca le luacháil achtúireach amhail 1 Eanáir 2012 agus ba iad Mercer, nach oifigigh ná fostaithe de chuid an Chomhlachta iad, a chríochnaigh iad. Tá na tuairiscí luachála amhail 1 Eanáir 2012 ar fáil do bhaill na scéime le go dtig leo iad a scrúdú, ach níl siad ar fáil don phobal. Tá sé de rún ag an gComhlacht ranníocaíochtaí rialta a dhéanamh sna scéimeanna de réir na moltaí a rinne na hachtúirí ina dtuairiscí dar dáta 1 Eanáir 2012. Tá na chéad tuairiscí luachála eile le hullmhú 1 Eanáir 2015.

**Bonn luachála an Íoschaighdeáin Mhaoinithe (eolas neamhiniúchta):**

De réir Alt 44 in Acht na bPinsean, 1990 (arna leasú), caithfidh na scéimeanna maoinithe a bheith ag teacht leis an Íoschaighdeán Maoinithe. Go ginearálta, is é a thomhaistear leis an Íoschaighdeán Maoinithe (ÍCM/MFS) cé acu atá nó nach bhfuil dliteanais fabhraithe ag baill clúdaithe ag sócmhainní carntha, ar an mbonn tuisceana go raibh na scéimeanna foirceanta dáta na luachála. Tá na boinn tuisceana ar a socraítear dliteanas ÍCM forordaithe i reachtaíocht agus i dtreoir achtúireach. Cuireadh na teastais chuí maoinithe achtúirigh is deireanaí a tugadh chun críche faoi bhráid Bhord na bPinsean, dáta éifeachtach 31 Nollaig 2011, agus dearbhaíodh go raibh na scéimeanna de réir an ÍCM amhail an dáta sin.

I ndiaidh athbhreithnithe eatramhaigh achtúirigh amhail 1 Eanáir 2013, fuarthas amach go mbeadh na scéimeanna ábhartha ag teacht leis an ÍCM amhail 1 Eanáir 2013. Ba é €244.7m sócmhainní foriomlána na scéimeanna agus ba é €204.0m na dliteanais fhoriomlána, rud a d'fhág €40.7m de bharrachas comhiomlán..

**Bonn luachála fadtearmaí (eolas neamhiniúchta):**

Tá sé de rún ag an gComhlacht maoiniú a chur ar fáil go leanúnach de réir mholadh an achtúire d'fhonn a chinntiú go mbeifear in ann na scéimeanna a oibriú go leanúnach agus go mbeidh soláthar ann le haghaidh íocaíochtaí pinsean go fadtéarmach.

Ullmhaíodh an luacháil amhail 1 Eanáir 2012 ar mhaithe leis an gcuspóir maoinithe seo trí mhodh luachála achtúirí ar a dtugtar "modh na haoise slánaithe". Is iad na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha ar glacadh leo sa luacháil gurbh é 4.5% per annum an ráta bliantúil fáltais as infheistíochtaí roimh dhul ar scor, gurbh é 3.0% per annum an ráta bliantúil fáltais as infheistíochtaí i ndiaidh dul ar scor, nach mbeadh méadú ar bith ar thuarastail go ceann trí bliana eile agus go méadódh siad ar ráta 3.5% per annum ina dhiaidh sin, agus nach mbeadh méadú ar bith ar phinsin atá á n-íoc faoi láthair go ceann trí bliana eile agus go méadódh siad ar ráta 3% per annum ina dhiaidh sin. Faoin modh luachála seo amhail 1 Eanáir 2012, b'fhiú €214.7m na sócmhainní foriomlána agus b'fhiú €259.8m na dliteanais fhoriomlána fhabhraithe. Easnamh tathagaithe €45.1m agus cóimheas maoinithe (sócmhainní: dliteanais) de 83% amhail 1 Eanáir 2012 a bhí mar thoradh air seo.

## 32. PINSIN - AR LEAN

I ndiaidh athbhreithnithe eatramhaigh achtúirigh amhail 1 Eanáir 2013 ba ionann na sócmhainní foriomlána agus €244.7m agus ba ionann na dliteanais fhoriomlána a rinneadh a thomhas faoin modh luachála seo agus €282.7m, rud a d'fhág go raibh easnamh tathagaithe €37.9m ann agus cóimheas maoinithe (sócmhainní:dliteanais) 87% amhail 1 Eanáir 2013. Ullmhófar an chéad athbhreithniú foirmiúil eile amhail 1 Eanáir 2015.

**c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair scoir"**

Tá luacháil déanta ar oibleagáidí sochar sainithe an Chomhlachta ag achtúirí neamhspleácha chun críocha FRS 17 bunaithe ar shonraí a cuireadh ar fáil faoi choinne luacháil achtúireach ar na scéimeanna amhail 31 Nollaig 2012.

De réir mar a éilítear le FRS 17 rinneadh an luacháil trí mhodh luachála achtúirí ar a dtugtar "modh an chostais réamh-mheasta ar aonad". Ó tharla nach féidir le daoine nua dul isteach sna scéimeanna, tá an phróifíl aoise ag ardú agus, mar sin, faoi mhodh an chostais réamh-mheasta ar aonad, méadóidh an costas seirbhíse reatha de réir mar a dhruidfidh baill na scéime leis an uair a rachaidh siad ar scor.

### Boinn Tuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana airgeadais chun na dliteanais faoi FRS 17 a ríomh dáta an Chláir Chomhardaithe:

| | 31 Nollaig 2012 | 31 Nollaig 2011 |
|---|---|---|
| Ráta úis curtha i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine | 3.5% | 4.85% |
| Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar thuarastail | Nialasach go ceann 2 bhliain agus 3.5% ina dhiaidh sin | Nialasach go ceann 3 bliana agus 3.5% ina dhiaidh sin |
| Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc | Nialasach go ceann 2 bhliain agus 3% ina dhiaidh sin | Nialasach go ceann 3 bliana agus 3% ina dhiaidh sin |
| Ráta méadaithe pinsean iarchurtha | Nialasach go ceann 2 bhliain agus 3% ina dhiaidh sin | Nialasach go ceann 3 bliana agus 3% ina dhiaidh sin |
| Bonn tuisceana maidir le boilsciú | 2.00% | 2.00% |

Socraítear an ráta lascaine a mbaintear úsáid as agus an dliteanas pinsin á ríomh trí thagairt a dhéanamh d'fháltais mhargaidh i dtaca le bannaí corparáideacha d'ardcháilíocht dáta an Chláir Chomhardaithe. Bíonn airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ag teacht leis an airgeadra agus le téarma measta na ndliteanas. Ag féachaint d'fhad dhliteanais na scéime, glacadh le ráta lascaine 3.50% amhail 31 Nollaig 2012.

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean)**

**Boinn Tuisceana Dhéimeagrafacha:**

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le hionchas saoil i gcás ball agus iad ag dul ar scor leagtha amach thíos:

| | 2012 | | 2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | Blianta, fir | Blianta, mná | Blianta, fir | Blianta, mná |
| Baill reatha atá 40 bliain d'aois (ionchas saoil agus iad 65 bliain d'aois) | 26.3 | 27.3 | 26.2 | 27.2 |
| Pinsinéirí reatha atá 65 bliain d'aois (ionchas saoil agus iad 65 bliain d'aois) | 23.2 | 24.6 | 23.0 | 24.5 |

**Sócmhainní Scéime:**

Ba é cionroinnt infheistíochta na sócmhainní dáta an Chláir Chomhardaithe:

| Rang na Sócmhainní | Cuid de shócmhainní scéime amhail 31 Nollaig 2012 | Cuid de shócmhainní scéime amhail 31 Nollaig 2011 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | 22.76% | 21.40% |
| Bannaí | 72.85% | 73.70% |
| Maoin | 1.93% | 2.30% |
| Eile | 2.46% | 2.60% |
| | **100.00%** | **100.00%** |

Chun an bonn tuisceana maidir leis an ráta fadtéarmach fáltais as sócmhainní a fhorbairt, mheas an Comhlacht leibhéal reatha na bhfáltas ionchasach as na hinfheistíochtaí is lú a mbaineann riosca leo (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na ranganna eile sócmhainní a bhfuil an phunann infheistithe iontu, agus na hionchais maidir le fáltas sa todhchaí as gach rang sócmhainní. Rinneadh an fáltas ionchasach do gach rang sócmhainní a ualú ansin, bunaithe ar sprioc-chionroinnt na sócmhainní, chun an ráta fadtéarmach ionchasach fáltais as an mbonn tuisceana maidir le sócmhainní a fhorbairt le haghaidh na punainne.

Ba é an toradh a bhí air sin gur roghnaíodh 3.23% mar fháltas ionchasach comhlán bhoinn tuisceana na sócmhainní. Rith an Rialtas reachtaíocht in 2011 trínar bunaíodh tobhach bliantúil 0.6% de shócmhainní scéimeanna pinsin don tréimhse ceithre bliana 2011-2014. Is é 2.63%, mar sin, an fáltas ionchasach faoi choinne 2013, glan ar an tobhach (2011:3.36%).

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean)**

Ba é luach cóir na sócmhainní sna scéimeanna pinsin agus an ráta ionchasach fáltais dáta an Chláir Chomhardaithe:

| | Ráta Ionchasach Fáltais amhail 31 Nollaig 2012 | Luach cóir amhail 31 Nollaig 2012 | Ráta Ionchasach Fáltais amhail 31 Nollaig 2011 | Luach cóir amhail 31 Nollaig 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | | **€'000** |
| Gnáthscaireanna | 5.70% | 55,732 | 6.40% | 46,026 |
| Bannaí | 1.70% | 178,246 | 2.50% | 158,274 |
| Maoin | 4.20% | 4,715 | 4.90% | 4,954 |
| Eile | 0.40% | 6,223 | 1.40% | 5,462 |
| **Luach cóir iomlán na Sócmhainní** | | **244,916** | | **214,716** |

Ní áirítear le sócmhainní scéime méideanna ar bith infheistithe in uirlisí airgeadais an Chomhlachta féin ná méideanna ar bith infheistithe i maoin a bhfuil an Comhlacht lonnaithe ann.

### Is iad seo a leanas na méideanna atá aitheanta sa Chlár Comhardaithe:

| | 31 Nollaig 2012 | 31 Nollaig 2011 |
|---|---|---|
| Sócmhainní | 244,916 | 214,716 |
| Dliteanais | (247,780) | (205,100) |
| **(Easnamh)/barrachas glan i scéimeanna maoinithe pinsin** | **(2,864)** | **9,616** |
| **Dliteanais as scéimeanna neamh-mhaoinithe** | **(1,620)** | **(1,200)** |
| **(Easnamh)/barrachas glan i scéimeanna pinsin** | **(4,484)** | **8,416** |
| Sócmhainn/(dliteanas) gaolmhar chánach iarchurtha | 561 | (1,052) |
| **(Dliteanas)/sócmhainn ghlan pinsin** | **(3,923)** | **7,364** |

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean**

**Anailís ar na méideanna atá aitheanta sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais:**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Bainte den Bhrabús Oibriúcháin** | | |
| Costas seirbhíse reatha | (1,095) | (1,092) |
| Costas seirbhíse san am a chuaigh thart | 1,669 | (70) |
| | **574** | **(1,162)** |
| **Bainte de/(Curtha le) costas eile airgeadais** | | |
| Fáltas ionchasach as sócmhainní na scéimeanna pinsin | 7,160 | 9,383 |
| Ús le dliteanais na scéimeanna pinsin | (9,830) | (11,222) |
| Glanchostas maoinithe | **(2,670)** | **(1,839)** |
| **Méid Iomlán Bainte den Chuntas Brabúis agus Caillteanais** | **(2,096)** | **(3,001)** |

**Anailís ar an méid atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta:**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Fáltas iarbhír lúide fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | 26,437 | (2,511) |
| Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ag éirí as dliteanais scéime | 1,117 | 8,695 |
| Athruithe ar na boinn tuisceana atá mar bhunchloch le luach reatha dhliteanais scéime | (44,800) | 6,100 |
| **(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta** | **(17,246)** | **12,284** |

Is é €93m (2011: €75.7m) an caillteanas carnach achtúireach atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta suas go dtí an bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2012, an lá sin san áireamh.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Fáltas iarbhír as sócmhainní scéime** | **33,597** | **6,872** |

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean**

### Gluaiseacht sócmhainní agus dliteanais scéime

| | Sócmhainní Pinsin | Dliteanais Phinsin | Easnamh Pinsin |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Amhail 31 Nollaig 2010 | 211,474 | (217,500) | (6,026) |
| Costas seirbhíse reatha | - | (1,092) | (1,092) |
| Costas seirbhíse san am a chuaigh thart | - | (70) | (70) |
| Ús le dliteanais scéime | - | (11,222) | (11,222) |
| Fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | 9,383 | - | 9,383 |
| Fáltas iarbhír lúide fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | (2,511) | - | (2,511) |
| Gnóthachan ó thaithí as dliteanais scéime | - | 8,695 | 8,695 |
| Gnóthachan achtúireach as dliteanais scéime | - | 6,100 | 6,100 |
| Rannaíocaíochtaí na mball | 428 | (428) | - |
| Sochair íoctha ón scéim | (10,547) | 10,547 | - |
| Dliteanas Pinsin Chalafort Dhún Dealgan | - | (1,330) | (1,330) |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 6,489 | - | 6,489 |
| **Amhail 31 Nollaig 2011** | **214,716** | **(206,300)** | **8,416** |

### Gluaiseacht sócmhainní agus dliteanais scéime

| | Sócmhainní Pinsin | Dliteanais Phinsin | Easnamh Pinsin |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Amhail 31 Nollaig 2011 | 214,716 | (206,300) | 8,416 |
| Costas seirbhíse reatha | - | (1,095) | (1,095) |
| Costas seirbhíse san am a chuaigh thart | - | 1,669 | 1,669 |
| Ús le dliteanais scéime | - | (9,830) | (9,830) |
| Fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | 7,160 | - | 7,160 |
| Fáltas iarbhír lúide fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | 26,437 | - | 26,437 |
| Gnóthachan ó thaithí as dliteanais scéime | - | 1,117 | 1,117 |
| Caillteanas achtúireach as dliteanais scéime | - | (44,800) | (44,800) |
| Ranníocaíochtaí na mball | 415 | (415) | - |
| Sochair íochta ón scéim | (10,254) | 10,254 | - |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 6,442 | - | 6,442 |
| **Amhail 31 Nollaig 2012** | **244,916** | **(249,400)** | **(4,484)** |

Éiríonn na dliteanais ar fad, seachas €1.6m, as scéimeanna atá maoinithe ina n-iomlán.
Tá an fostóir ag súil le ranníocaíocht €6.3 milliún a chur leis na scéimeanna pinsin in 2013.

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean**

**Stair na n-oibleagáidí i dtaca le sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí don bhliain dar críoch 31 Nollaig:**

| | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Dliteanais | (249,400) | (206,300) | (217,500) | (205,000) | (201,000) |
| Sócmhainní | 244,916 | 214,716 | 211,474 | 203,919 | 187,912 |
| (Easnamh)/Barrachas Glan | (4,484) | 8,416 | (6,026) | (1,081) | (13,088) |

**Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí as sócmhainní scéime:**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Méid (€m) | 26,437 | (2,511) | 1,514 | 10,337 | (30,862) |
| Céatadán na sócmhainní scéime | 10.8% | (1.2%) | 0.7% | 5.1% | (16.4%) |

**Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime:**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Méid (€m) | 1,117 | (8,695) | 4,884 | (1,365) | (2,495) |
| Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime: | (0.4%) | 4.0% | (2.2%) | 0.7% | 1.2% |

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean**

**Anailís ar Íogaireacht na nDliteanas Scéime:**

Tá íogaireacht na n-oibleagáide i dtaca le sochair shainithe i leith athruithe ar na boinn tuisceana maidir le mortlaíocht leagtha amach thíos:

| | 2012 | 2012 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Bonn tuisceana mar atá** | **-1 Bhliain** | **+1 Bhliain** |
| Ball reatha fireann atá 40 bliain d'aois (Ionchas saoil in aois a 65 bliain) | 26.3 bliain | 25.3 bliain | 27.3 bliain |
| Pinsinéir reatha fireann atá 65 bliain d'aois (Ionchas saoil in aois a 65 bliain) | 23.2 bliain | 22.2 bliain | 24.2 bliain |
| Dliteanais (€'000) | 249,400 | 241,400 | 257,500 |
| Athrú ar dhliteanais (€'000) | | 8,000 | (8,100) |
| Athrú céatadáin (mar % den bhunmhéid) | | 3.2% | (3.2%) |

Tá íogaireacht na hoibleagáide i dtaca le sochair shainithe i leith athruithe ar an ráta lascaine leagtha amach thíos:

| | 2012 | 2012 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Bonn tuisceana mar atá** | **-0.25%** | **+0.25%** |
| Ráta lascaine | 3.50% | 3.25% | 3.75% |
| Dliteanais (€'000) | 249,400 | 259,500 | 239,900 |
| Athrú ar dhliteanais (€'000) | | (10,100) | 9,500 |
| Athrú céatadáin (mar % den bhunmhéid) | | (4.0%) | 3.8% |

## 32. PINSIN AR LEAN

**(c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' (ar lean**

Leagtha amach thíos tá íogaireacht na hoibleagáide sochar sainithe ar athruithe i ráta réamh-mheasta na méaduithe i dtuarastail, i bpinsin atá á n-íoc agus i bpinsin iarchurtha:

| | 2012 | 2012 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Bonn tuisceana atá ann cheana féin** | | |
| Ráta ionchasach méadaithe ar thuarastail | Nialasach go ceann 2 bhliain agus 3.5% ina dhiaidh sin | Nialasach go ceann bliana agus 3.5% ina dhiaidh sin | 3.5% |
| Ráta ionchasach méadaithe ar phinsin atá á n-íoc | Nialasach go ceann 2 bhliain agus 3.0% ina dhiaidh sin | Nialasach go ceann bliana agus 3.0% ina dhiaidh sin | 3.0% |
| Ráta méadaithe ar phinsin iarchurtha | Nialasach go ceann 2 bhliain agus 3.0% ina dhiaidh sin | Nialasach go ceann bliana agus 3.0% ina dhiaidh sin | 3.0% |
| Dliteanais (€'000) | 249,400 | 256,600 | 264,200 |
| Athrú ar dhliteanais (€'000) | | (7,200) | (14,800) |
| Athrú céatadáin % (mar % den bhunmhéid) | | (2.9%) | (5.9%) |

## 33. IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon imeacht ann idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais a d'fhágfadh gurbh ghá na ráitis airgeadais a leasú nó nochtuithe breise a dhéanamh.

## 34. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar 26 Márta 2013.



# 13

# CLÚDAÍONN NA STAITISTICÍ NEAMHINIÚCHTA TRÁDÁIL CHOMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH SNA BLIANTA FÉILIRE 2010 – 2012.





# 13 / STAITISTICÍ CALAFOIRT (NEAMHINIÚCHTA)


Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 agus tugtar figiúirí comparáideacha don bhliain 2011.


Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, clúdaíonn na staitisticí neamhiniúchta anseo thíos trádáil Chomhlacht Chalafort Átha Cliath sna blianta féilire 2010 – 2012.


**SOITHIGH – LÍON IOMLÁN A THÁINIG ISTEACH**












## AONAID RÓ-RÓ






(AONAID LASTAIS '000 )

## TEUanna LÓ-LÓ





(TEUanna '000 )




## LÍON PAISINÉIRÍ



## TRÉCHUR IOMLÁN 2010

# 28,118

(‘000 TONA)

## TRÉCHUR IOMLÁN 2011

# 28,096

(‘000 TONA)

## TRÉCHUR IOMLÁN 2012

# 27,987

(‘000 TONA)

# NOTAÍ

# NOTAÍ

# NOTAÍ


VESPUCCI




Comhlacht Chalafort Átha Cliath
Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1, Éire

**Teil:** +353 1 887 6000
**R-phost:** info@dublinport.ie
**Facs:** +353 1 855 1241

**www.dublinport.ie**


www.daracreative.ie

COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY